# Cáipéis eolais agus treoir don Athbhreithniú ar Pholaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta

I gcomhair comhairliúcháin

Meán Fómhair 2025

# An Clár Ábhar


RÉAMHRÁ ........ 1

CÚLRA AGUS COMHTHÉACS ........ 2

**Achoimre ar an gCuid seo** ........ 4

AN PHOLAITÍOCHT AGUS AN TSOCHAÍ SA CHURACLAM ........ 5

**Oideachas Saoránachta sa tsraith shóisearach** ........ 5

**An Pholaitíocht agus an tSochaí san Ardteistiméireacht** ........ 5

**Ag Díriú ar an bPolaitíocht agus an tSochaí** ........ 6

Rannpháirtíocht an scoláire ........ 6

Measúnú don teistiúchán ........ 7

**Achoimre ar an gCuid seo** ........ 9

LÉARGAS Ó CHUAIRTEANNA AR SCOILEANNA ........ 10

Aidhm Pholaitíocht agus Shochaí na hArdteistiméireachta ........ 10

Tarraingt an ábhair ........ 10

Plé, comhrá agus díospóireacht ........ 11

Raon feidhme na sonraíochta ........ 11

Measúnú ........ 12

**Achoimre ar an gCuid seo** ........ 14

TREOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA SA PHOLAITÍOCHT AGUS AN TSOCHAÍ ........ 15

An Fhrainc – Oideachas Morálta agus Sibhialta ........ 15

An Baccalaureate Idirnáisiúnta – Polaitíocht Dhomhanda ........ 16

An Nua-Shéalainn – Staidéar Sóisialta ........ 18

Tuaisceart Éireann – Rialtas agus Polaitíocht ........ 20

**Achoimre ar an gCuid seo** ........ 22

CEISTEANNA A BHFUIL MACHNAMH LE DÉANAMH ORTHU ........ 23

**Leanúnachas agus comhtháiteacht curaclaim** ........ 23

**Tábhacht agus raon na sonraíochta** ........ 23

**An tábhacht atá le forbairt cumais agus scileanna** ........ 24

**Measúnú** ........ 24

Achoimre ar an gCuid seo ........................................................................ 25

TREOIR DON ATHBHREITHNIÚ AR AN BPOLAITÍOCHT AGUS AN TSOCHAÍ ...... 26

TAGAIRTÍ ........................................................................ 28

AGUISÍN 1: PARAIMÉADAIR UILEGHABHÁLACHA LE HAGHAIDH CEAPADH SOCRUITHE MEASÚNAITHE I BHFORBAIRT NA SONRAÍOCHTAÍ DO GACH ÁBHAR I DTRÁINSE 4 ........................................................................ 31

## Réamhrá

Foilsíodh an tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022a) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna curaclaim atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d’iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fís i leith sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagtar amach in Cothromas agus Sármhaitheas do Chách (An Roinn Oideachais, 2022). Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófar sceideal d’ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

D’ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinsí. Áirítear an athfhorbairt ar an bPolaitíocht agus an tSochaí i dTráinse 4, a thabharfar chun cíche in 2027 lena thabhairt isteach i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2028.

Cuirtear comhthéacs ar fáil sa pháipéar seo le haghaidh an athbhreithnithe ar an bPolaitíocht agus an tSochaí agus rinne tuairimí múinteoirí, ceannairí scoile agus scoláirí eolas dó, tuairimí a bailíodh trí chuairteanna scoile a rinneadh i sampla ionadaíoch de scoileanna. Cuirtear tús leis an gcáipéis seo le machnamh ar chúlra na Polaitíochta agus na Sochaí, agus forbhreathnú ar an gcomhthéacs reatha á chur i láthair i gCuid 1, lena n-áirítear machnamh ar fhorbairtí beartais ábhartha. I gCuid 2 leagtar amach an chaoi a bhfreastalaítear faoi láthair ar oideachas na Polaitíochta agus na Sochaí laistigh de churaclam na hÉireann, sula ndírítear ar bhealach níos mionsonraithe ar an bPolaitíocht agus an tSochaí, agus cuirtear forbhreathnú ar fáil i gCuid 3 ar na léargais a fuarthas trí chuairteanna scoile a rinneadh agus tríd an taithí saoil a bhíonn ag scoileanna, múinteoirí, agus scoláirí. I gCuid 4 meastar deiseanna oideachais comhchosúla i dtíortha eile agus cuirtear forbhreathnú i láthair ar cheithre dhlínse dhifriúla. I gCuid 5 tarraingítear ar na trí chuid roimhe sin chun roinnt saincheisteanna a chatagóiriú agus a phlé go hachomair, ar saincheisteanna iad a sainaithníodh lena mbreithniú in athfhorbairt ar Pholaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta roimh threoir bheartaithe a leagan amach ar deireadh le haghaidh na hoibre sin i gCuid 6, rud a threoróidh obair na meithle forbartha.

# Cúlra agus Comhthéacs

Leagtar amach sa chuid seo roinnt de na forbairtí suntasacha sa Pholaitíocht agus an tSochaí ó tugadh isteach i dtosach í, sula ndírítear ar an tírdhreach oideachais agus beartas níos leithne, ar ceisteanna tábhachtacha comhthéacsúla iad le haghaidh athbhreithniú agus athfhorbairt na Polaitíochta agus na Sochaí.

Tugadh isteach Polaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta de réir a chéile, ag tosú le 41 scoil in 2016/17. Sa chéad sraith cur chun feidhme sin, roghnaigh 867 scoláire an t-ábhar (1.6% de líon iomlán na scoláirí Ardteistiméireachta). Ó mhí Mheán Fómhair 2018, bhí an Pholaitíocht agus an tSochaí ar fáil do gach iar-bhunscoil, agus roghnaigh seasca scoil eile an t-ábhar a chur ar fáil. De réir na Roinne Oideachais agus Óige (2024), cuirtear an Pholaitíocht agus an tSochaí ar fáil in 189 scoil faoi láthair.

In 2019, deimhníodh san athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath i gcás na Polaitíochta agus na Sochaí gur fheidhmigh an tsonraíocht go maith ach go mbainfeadh sí leas as mion-athbhreithnithe. Den chuid is mó, léirigh na leasuithe sin an réimse socheacnamaíoch agus polaitiúil atá ag athrú go náisiúnta agus go domhanda. Chomh maith leis sin, chuir athruithe an t-aiseolas faoin ngá le níos mó soiléireachta i líon beag torthaí foghlama san áireamh, agus gur cheart go mbeadh na príomhsmaointeoirí oscailte do gach scoláire, seachas a bheith teoranta dóibh siúd atá ag déanamh staidéar ar an ábhar ag an ardleibhéal. Foilsíodh an tsonraíocht leasaithe lena cur chun feidhme ó mhí Mheán Fómhair 2019, agus rinneadh príomhábhair thacaíochta CNCM a nuashonrú i gcomhréir leis an tsonraíocht athbhreithnithe.

Sna blianta i ndiaidh sonraíocht na Polaitíochta agus na Sochaí a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú, is breithnithe comhthéacsúla tábhachtacha iad na hathruithe i dtírdhreach an oideachais agus beartas agus athruithe móra sna timpeallachtaí polaitiúla agus sóisialta áitiúla, náisiúnta agus domhanda maidir le hathfhorbairt Pholaitíocht agus Shochaí na hArdteistiméireachta.

I measc na bhforbairtí curaclaim is ábhartha ó tugadh an Pholaitíocht agus an tSochaí isteach den chéad uair tá An Gearrchúrsa san Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) (2016, athbhreithnithe 2021) a fhoilsiú i gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015), Ráiteas an Chláir Idirbhliana nua le Rannpháirtíocht Shibhialta agus Pobail mar cheann de ghnéithe na scoláirí, an tsonraíocht nua do Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta agus an tsonraíocht athfhorbartha do Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta. Léirítear an bhéim ar fhoghlaim dhomhanda/oideachas saoránachta i bPríomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí freisin, lena n-áirítear an inniúlacht 'Rannpháirtíocht sa tSochaí', agus i gcreataí idirnáisiúnta amhail Creat Tagartha Inniúlachtaí Chomhairle na hEorpa maidir le Cultúr Daonlathach, creat inniúlachta domhanda PISA ECFE, agus Oideachas Saoránachta Domhanda EOECNA: Topaicí agus cuspóirí foghlama.

Ó pheirspictíocht níos leithne maidir le beartas oideachais, tá roinnt straitéisí náisiúnta ann a bhfuil baint acu leis an bPolaitíocht agus an tSochaí. Sa dara Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (ESD) go 2030, tugtar creat chun tacú leis an gcion atá an earnáil oideachais a dhéanamh agus a leanfaidh sí uirthi a dhéanamh i dtreo todhchaí níos inbhuanaithe ag leibhéal an duine, an phobail, an cheantair áitiúil, na tíre agus ar leibhéal idirnáisiúnta. Tá daoine óga le brath go soiléir sna cúig thosaíocht ar a ndearnadh breac-chuntas sa straitéis seo, maidir le deiseanna a chuirfear ar fáil i leith sealbhú eolais, scileanna, luachanna, meonta agus i leith gníomhartha OFI (Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe) a dhéanamh. Is straitéis náisiúnta ábhartha eile í an Straitéis um Oideachas Saoránachta Domhanda 2021-2025 ón Roinn Gnóthaí Eachtracha (Cúnamh Éireann). Tá sé d'aidhm ag an Oideachas Saoránachta Domhanda (GCE) feasacht agus tuiscint a mhéadú ar an domhan atá ag athrú go tapa, atá idirspleách agus neamhionann. Mar phríomhghníomhaithe athraithe i bhforbairt domhain níos fearr, is grúpa sprice ainmnithe iad daoine óga sa straitéis seo. Cabhróidh na crainn taca a eascraíonn as na straitéisí seo le scoileanna dul i ngleic le teagasc agus foghlaim a bhaineann le hoideachas saoránachta ábhartha ar leibhéal curaclaim, traschuraclaim agus seach-churaclaim.

Anuas ar an mbeartas oideachais náisiúnta, tá raidhse beartais rialtais agus straitéisí a bhaineann leis an bPolaitíocht agus an tSochaí, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Domhan Níos Fearr: Beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide
- Straitéis Éire Dhomhanda 2018-2025
- An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais
- Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030
- Plean Náisiúnta Cur Chun Feidhme maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (le teacht)
- Straitéis Náisiúnta na hOibre Deonaí 2021-2025
- An Creat Folláine d'Éirinn
- Óige na hÉireann: Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2023-2028
- Ráitis Straitéise ó ranna rialtais ábhartha

Tugann na beartais intíre sin, mar aon le gealltanais atá ailínithe leis na beartais idirnáisiúnta, amhail Dearbhú na hEorpa maidir le hOideachas Domhanda go dtí 2050 de chuid Chomhairle na hEorpa agus Moladh maidir le hOideachas le haghaidh Tuiscint, Comhar agus Síochána Idirnáisiúnta agus Oideachas a bhaineann le Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha de chuid EOECNA, léargas ar ábharthacht chomhaimseartha Pholaitíocht agus Shochaí na hArdteistiméireachta.

Táimid ag maireachtáil i ré dhúshlánach, ina bhfuil náisiúnachas ag fás, éifeachtúlacht institiúidí idirnáisiúnta agus náisiúnta atá i gceannas ar chearta an duine i mbaol, easpa cuntasachta agus saoirse ó phionós i gcaidreamh idirnáisiúnta, coimhlintí, athrú aeráide, éagóir agus neamhionannas. De réir Chomhairle na hEorpa (2017), tá oideachas saoránachta 'riachtanach chun ábharthacht an daonlathais agus chearta an duine sa saol laethúil a léiriú' (lch 18). Léirítear an t-éileamh sin i dtaighde ar chur chun feidhme na Poiblíochta agus na Sochaí. Mar shampla, fuair McKeever (2023) amach, i measc láidreachtaí na Polaitíochta agus na Sochaí, go dtugann an t-ábhar seo a leanas do scoláirí:

> …an deis chun réimse leathan luachanna a fhiosrú agus chun tuiscint a fháil ar réimse dearcthaí…smaoineamh criticiúil agus meas ar dhifríocht tuairime a spreagadh. Múineann sí

> eolas praiticiúil do scoláirí freisin maidir le taighde a dhéanamh ar ábhar cuí agus tagairt a dhéanamh dó chun a dtuiscint a threisiú agus a n-argóintí a neartú. …tugann sí cumas gníomhúcháin agus cumasaíonn sí an scoláire… (McKeever, 2023, lch 124).

Inár ndomhan casta agus atá ag athrú i gcónaí, ní raibh an cineál oideachais seo níos tábhachtaí riamh. Tá athfhorbairt ar Pholaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta tráthúil, ag cur deis ar fáil lena áirithiú go mbeidh an tsonraíocht ábhartha, tarraingteach agus go dtugann sí dóchas do scoláirí ionas go mbeidh siad in ann a bheith rannpháirteach mar shaoránaigh eolacha chriticiúla ghníomhacha ar bhealach níos éifeachtaí, anois agus amach anseo.

## Achoimre ar an gCuid seo

- Tá sonraíocht reatha na hArdteistiméireachta maidir leis an bPolaitíocht agus an tSochaí á cur chun feidhme i scoileanna de réir a chéile ó mhí Mheán Fómhair 2016. Léiríonn na figiúirí is déanaí go bhfuil an t-ábhar á chur ar fáil in 189 scoil.
- In 2019, mar thoradh ar athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath CNCM, rinneadh mion-athbhreithnithe ar an tsonraíocht agus ar na tacaíochtaí gaolmhara ó CNCM.
- Tá tionchar ag beartais oideachais náisiúnta, amhail an Dara Straitéis um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe, an Straitéis maidir le hOideachas Saoránachta Domhanda, ar athbhreithniú agus athfhorbairt Pholaitíocht agus Shochaí na hArdteistiméireachta.
- I dteannta le beartais oideachais, d’fhéadfadh go dtreoródh réimse leathan beartas agus gealltanas náisiúnta agus idirnáisiúnta gnéithe na sonraíochta agus d’fhéadfadh go mbeadh tionchar acu uirthi chomh maith.
- I gcomhthéacs ár ndomhain a bhíonn ag athrú go tapa, tá athbhreithniú ar churaclam Pholaitíocht agus Shochaí na hArdteistiméireachta tábhachtach agus tráthúil.

# An Pholaitíocht agus an tSochaí sa churaclam

Cuireann an chuid seo forléargas ar fáil ar na deiseanna foghlama a bhaineann leis an bPolaitíocht agus an tSochaí atá ar fáil do scoláirí faoi láthair laistigh de chláir na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí araon. Dírítear ansin ar na rátaí rannpháirtíochta sa Pholaitíocht agus an tSochaí, agus tugtar breac-chuntas ar roghnú an ábhair.

## Oideachas Saoránachta sa tsraith shóisearach

Tá sé d'aidhm ag an ngearrchúrsa in Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) na Sraithe Sóisearaí 'eolas, spreagadh, cumas agus ábaltacht a thabhairt do dhaoine óga páirt a ghlacadh mar shaoránaigh ghníomhacha' (ROS, 2021, lch 5). Tá cearta an duine agus freagrachtaí sóisialta mar bhonn agus taca ag an bhfoghlaim uile sa ghearrchúrsa. Mar gheall air sin, meastar gur bunchloch é Snáithe a hAon: Cearta agus freagrachtaí, lena n-áirítear foghlaim a bhaineann le dínit an duine agus ionstraimí chearta an duine, amhail Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Pléann Snáitheanna a Dó agus a Trí le saoránacht dhomhanda agus le daonlathas agus le téamaí gaolmhara amhail forbairt inbhuanaithe, dlí agus na meáin.

Tá saoránacht mhachnamhach ghníomhaíoch 'i gcroílár an phróisis foghlama' in OSSP (ROS, 2021, lch 4). Táthar ag súil go ndéanfaidh scoláirí machnamh leanúnach ar a gcuid foghlama agus ar a bhfuil i gceist léi ina saol. Comhlánaíonn siad trí ghníomh saoránachta ar a laghad, ceann amháin do gach ceann de na trí shnáithe, agus cruthaíonn siad Taifead ar Ghníomh do cheann amháin de na ghníomhartha sin ina Measúnú Rangbhunaithe.

## An Pholaitíocht agus an tSochaí san Ardteistiméireacht

Is é is aidhm leis an bPolaitíocht agus an tSochaí "forbairt a dhéanamh ar chumas an fhoghlaimeora a bheith páirteach i saoránacht ghníomhach mhachnamhach de réir na léargas atá acu ar na heolaíochtaí sóisialta agus polaitiúla agus na scileanna atá acu iontu" (ROS, 2019, lch 8). Na spriocanna ná an méid seo a leanas a fhorbairt:

- tuiscint ar na córais shóisialta ina bhfeidhmíonn daoine go háitiúil, go náisiúnta agus ar bhonn níos fairsinge
- tuiscint ar choincheapa atá mar bhonn agus mar thaca ag córais chomhaimseartha rialtais agus na samhlacha éagsúla atá ann chun na coincheapa sin a dhéanamh infheidhme
- tuiscint agus meas ar chearta agus freagrachtaí an duine, ar dhínit an duine agus ar mhodhanna daonlathacha rialachais
- tuiscint agus meas ar an bhforbairt inbhuanaithe
- tiomantas i leith, agus cumas le dul i gceann, rannpháirtíocht ghníomhach i saol sóisialta agus polaitiúil an fhoghlaimeora
- tiomantas i leith, agus cumas le dul i gceann, smaointeoireacht ghrinn, dhioscúrsach agus neamhspleách
- tiomantas i leith, agus cumas le dul i gceann, modhanna síochánta agus daonlathacha chun aighnis a réiteach
- cúram i leith daoine eile agus meas agus luach ar éagsúlacht i ngach réimse de shaol an duine laistigh de pharaiméadair phrionsabail chearta an duine

- an cumas chun anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla taighde sóisialta agus polaitiúil, agus a leithéid sin de shonraí a úsáid go cúramach chun tuairimí a chruthú agus teacht ar chonclúidí (*ibid*).

Tá an aidhm agus na cuspóirí ailínithe leis na ceithre shnáithe agus na topaicí gaolmhara sa tsonraíocht:

| | |
|---|---|
| Snáithe 1: Cumhacht agus cinnteoireacht | Topaic 1: Cumhacht agus cinnteoireacht ar scoil<br>Topaic 2: Cumhacht agus cinnteoireacht ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach |
| Snáithe 2: Saoránacht ghníomhach | Topaic 3: Cur go héifeachtach le pobail<br>Topaic 4: Cearta agus freagrachtaí i gcumarsáid le daoine eile |
| Snáithe 3: Cearta agus freagrachtaí an duine | Topaic 5: Cearta agus freagrachtaí an duine in Éirinn<br>Topaic 6: Cearta agus freagrachtaí an duine san Eoraip agus sa domhan mór |
| Snáithe 4: Domhandú agus logánú | Topaic 7: Domhandú agus féiniúlacht<br>Topaic 8: Forbairt inbhuanaithe |

Tábla 1: An Pholaitíocht agus an tSochaí san Ardteistiméireacht – snáithí agus topaicí

Áirítear le Snáithe 1 coincheapa bunúsacha agus ba cheart staidéar a dhéanamh orthu ar dtús. I Snáithe 2, dírítear ar scileanna bunúsacha chun bheith i do shaoránach eolasach, machnamhach agus gníomhaíoch. Ba cheart na scileanna sin a mhúineadh go follasach agus iad a chomhtháthú leis an bhfoghlaim trasna an chúrsa, agus nuair a bhíonn an tionscadal saoránachta á chur i gcrích. Tugann Snáitheanna 3 agus 4 deis chun na coincheapa bunúsacha sin a chur i bhfeidhm (ROS, 2019, lch 31). Tar éis athbhreithniú na sonraíochta in 2019, déanann gach scoláire a dhéanann an Pholaitíocht agus an tSochaí don Ardteistiméireacht staidéar ar na torthaí foghlama go léir.

## Ag Díriú ar an bPolaitíocht agus an tSochaí

Sa chuid seo, fiosraítear rátaí rannpháirtíochta i bPolaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta, bunaithe ar staitisticí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus cuirtear forbhreathnú i láthair ar an measúnú don teistiúchán.

### Rannpháirtíocht an scoláire

Tháinig méadú ar líon scoláirí na hArdteistiméireachta le blianta beaga anuas, agus tá méadú beag bliain ar bhliain tagtha ar na rátaí rannpháirtíochta sa Pholaitíocht agus an tSochaí le linn na tréimhse céanna, mar a léirítear i dTábla 2.

| Bliain | Ardleibhéal | Gnáthleibhéal | Líon Iomlán na nIarrthóirí | Líon Iomlán na nIarrthóirí Ardteistiméireachta | An Pholaitíocht agus an tSochaí mar % d'iarrthóirí iomlána |
|---|---|---|---|---|---|
| 2019 | 676 | 103 | 779 | 56,071 | 1.39 |
| 2020 | 1,440 | 214 | 1,654 | 57,569 | 2.87 |
| 2021 | 1,992 | 230 | 2,222 | 57,952 | 3.83 |
| 2022 | 2,135 | 253 | 2,388 | 58,056 | 4.11 |
| 2023 | 2,151 | 353 | 2,504 | 58,006 | 4.31 |
| 2024 | 2,350 | 296 | 2,646 | 56,791 | 4.66 |

Tábla 2: An líon scoláirí a rinne Polaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta ar ardleibhéal agus ar gnáthleibhéal 2018/19-2023/24

## Measúnú don teistiúchán

Déantar measúnú ar an bPolaitíocht agus an tSochaí ar dhá bhealach:

- Tuairisc ar an tionscadal saoránachta 20%
- Scrúdú scríofa 80%

**Tuairisc ar an tionscadal saoránachta**

Déanann an Tuairisc ar an Tionscadal Saoránachta measúnú ar chumas an scoláire 'eolas agus coincheapa na Polaitíochta agus na Sochaí a úsáid le breithiúnais a dhéanamh faoin gcaoi le bheith gníomhach i bpobail', agus 'an cumas atá ag an scoláire chun machnamh agus meastóireacht a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim siad nó a bhain siad amach trí pháirt ghníomhach a ghlacadh sa saol sibhialta, sóisialta agus polaitiúil' (ROS, 2019, lch 19, 40). Tugann an ghné seo den obair chúrsa deiseanna do na scoláirí dul i mbun taighde, anailís, gníomh agus dianmhachnamh.

Eisíonn CSS teidil de Thionscadail Saoránachta gach bliain do scoláirí sa chúigiú bliain. Roghnaíonn na scoláirí teideal amháin as liosta de cheithre theideal. Féadfar gníomhartha grúpa a dhéanamh ach ní mór nach n-oibreodh ach duine amháin ar na tuairiscí. Tá na teidil chéanna ag na scoláirí uile. Cuirtear idirdhealú (leibhéal anailíse, meastóireachta agus cur i bhfeidhm atá riachtanach) i bhfeidhm ag pointe an mheasúnaithe trí dhá scéim marcála ar leith a úsáid. Braitheann an scéim a úsáidtear ar an leibhéal scrúdaithe scríofa a roghnaíonn an scoláire. Ní mór an tuairisc a chur isteach i leabhrán comhlánaithe digiteach CSS ina bhfuil na ceannteidil seo a leanas: réasúnaíocht agus taighde, cur i gcrích an tionscadail saoránachta, Machnamh ar an eolas a foghlaimíodh agus na scileanna a forbraíodh, agus Tagairtí agus Leabharliosta. Tá líon focal molta ag gach cuid, agus uaslíon focal iomlán 1,700 focal (CSS, 2018; CSS, 2025).

**Scrúdú scríofa**

Tá páipéar amháin dhá uair go leith i scrúdú scríofa (GL/AL) Pholaitíocht agus Shochaí na hArdteistiméireachta. Déanann an scrúdú measúnú ar na nithe seo a leanas:

- eolas agus tuiscint ar shaincheisteanna sóisialta agus polaitiúla
- anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar shonraí cáilíochtúla agus/nó sonraí cainníochtúla taighde sóisialta agus polaitiúil

- an cumas argóint réasúnach agus loighciúil a chumadh – grinneas agus comhleanúnachas san argóint agus i mbainistiú smaointe.

Tá na trí chuspóir measúnaithe sin ailínithe leis na trí roinn ar an bpáipéar, sa chaoi seo a leanas:

- Déanann Roinn A (Ceisteanna gearrfhreagra) measúnú ar eolas an scoláire ar na ceithre shnáithe sa tsonraíocht.
- I Roinn B (Ceisteanna gearrfhreagra agus ceisteanna plé ar chás-staidéar ar bunaithe ar shonraí), déantar measúnú ar scileanna maidir le smaointeoireacht chriticiúil agus neamhspleách; anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla ó thaighde sóisialta agus polaitiúil; agus sonraí a úsáid go cúramach chun tátail a bhaint astu. Déantar measúnú inti ar chumas na scoláirí teacht ar chonclúidí trí úsáid a bhaint as a n-eolas níos leithne ar an bPolaitíocht agus an tSochaí freisin.
- Déanann Roinn C (Aistí dioscúrsacha) measúnú ar eolas ar fud na gceithre shnáithe, mar aon le scileanna na scoláirí maidir le smaointeoireacht chriticiúil, dhioscúrsach agus neamhspleách agus i sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a úsáid go cúramach agus conclúidí a dhéanamh ar an méid sin.

| Comhpháirt | Riachtanas measúnaithe | Marcanna | Ualú |
|---|---|---|---|
| Tuairisc ar an tionscadal saoránachta | Tuairisc amháin bunaithe ar theideal ó liosta de cheithre theideal ainmnithe | 100 (GL/AL) | 20% |
| Scrúdú scríofa | | | 80% |
| Roinn A:<br>Ceisteanna gearrfhreagra | 20 ceist, caithfear 10 gceist a fhreagairt (GL)<br>15 cheist, caithfear 10 gceist a fhreagairt (AL) | 100 marc (GL)<br>50 marc (AL) | |
| Roinn B:<br>Ceisteanna bunaithe ar shonraí | Na ceisteanna uile (GL/AL) | 150 marc (GL/AL) | |
| Roinn C:<br>Aistí dioscúrsacha | 6 cheist, caithfear 3 cheist díobh a fhreagairt (GL)<br>6 cheist, caithfear 2 cheist díobh a fhreagairt (AL) | 150 marc (GL)<br>200 marc (AL) | |

Tábla 3: Struchtúr na hoibre cúrsa agus an scrúdaithe scríofa don ghnáthleibhéal agus don ardleibhéal

Is féidir léargas ó OSSP na Sraithe Sóisearaí, agus ó fhaisnéis faoi Pholaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta, a úsáid mar chomhthéacs chun plé a dhéanamh ar shonraíocht athfhorbartha a chur chun cinn.

## Achoimre ar an gCuid seo

- Tá sé d'aidhm ag an ngearrchúrsa in Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) daoine óga a chumasú le bheith rannpháirteach mar shaoránaigh ghníomhaíocha. Tá cearta an duine agus freagrachtaí sóisialta bunúsach sa tsonraíocht, ina dtugtar aghaidh freisin ar shaoránacht dhomhanda agus ar an daonlathas.

- Tá sé d'aidhm ag sonraíocht Pholaitíocht agus Shochaí na hArdteistiméireachta reatha cumas na scoláirí a fhorbairt chun bheith ina saoránaigh mhachnamhacha agus ghníomhaíocha. Bunaithe ar na heolaíochtaí sóisialta agus polaitiúla, tá ceithre shnáithe sa tsonraíocht: (1) Cumhacht agus cinnteoireacht (an bhunchloch); (2) Saoránacht ghníomhach; (3) Cearta agus freagrachtaí an duine; agus (4) Domhandú agus logánú.

- Tá rátaí rannpháirtíochta sa Pholaitíocht agus an tSochaí tar éis méadú gach bliain ó cuireadh chun feidhme í, ach tá an ráta méadaithe coibhneasta tar éis moilliú le blianta beaga anuas.

- Is éard atá i gceist sa mheasúnú ná tionscadal saoránachta (20%) agus scrúdú scríofa (80%). Roghnaíonn scoláirí teideal tionscadail amháin as liosta de cheithre theideal a eisíonn CSS gach bliain. Roinntear na scrúdpháipéir ina gceisteanna gearrfhreagra, ceisteanna a bhaineann le cás-staidéar bunaithe ar shonraí, agus ceisteanna aiste.

# Léargas ó chuairteanna ar scoileanna

Reáchtáladh cuairteanna scileanna mar chuid den obair mheasta don Scrúdpháipéar seo. Roghnaíodh sampla ionadaíoch ón 15 scoil a léirigh spéis i bheith rannpháirteach i bhforbairtí ar churaclam Pholaitíocht agus Shochaí na hArdteistiméireachta. Roghnaíodh sé scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Bhí na cuairteanna ar na scoileanna sin ar siúl i mí na Bealtaine 2025 agus cuimsíodh leo cruinnithe fócasghrúpa le 39 scoláire sa tsraith shinsearach, deichniúr múinteoirí Polaitíochta agus Sochaí agus naonúr ceannairí scoile.

Eascraítear léargais ó chur chuige téamach ar imscrúdú aiseolais an fhócasghrúpa is féidir a aicmiú faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Aidhm Pholaitíocht agus Shochaí na hArdteistiméireachta
- Tarraingt an ábhair
- Plé, comhrá agus díospóireacht
- Raon feidhme na sonraíochta
- Measúnú.

## Aidhm Pholaitíocht agus Shochaí na hArdteistiméireachta

Agus aidhm na Polaitíochta agus Sochaí á plé i sonraíocht athfhorbartha, leag scoláirí agus múinteoirí béim ar an tábhacht a bhaineann le tionchar struchtúr cumhachta, agus dúshláin dhomhanda agus náisiúnta reatha, a thuiscint. Leag siad béim ar an tábhacht go leanfadh an t-ábhar seo de bheith ag tacú le scoláirí smaointeoireacht chriticiúil agus feasacht a fhorbairt, chun foinsí iontaofa agus claonta a aithint, agus chun fiosrúcháin a dhéanamh. D'aithin rannpháirtithe an tábhacht a bhaineann le hoideolaíocht agus timpeallacht an tseomra ranga chun na haidhmeanna sin a bhaint amach. Meastar gur rud dearfach é an fócas ar phlé agus ar chur chuige faoi stiúir na scoláirí, mar aon le hailíniú aidhmeanna na Polaitíochta agus na Sochaí le príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí agus le héiteas na scoile.

## Tarraingt an ábhair

Roghnaigh scoláirí staidéar a dhéanamh ar an bPolaitíocht agus an tSochaí ar chúiseanna éagsúla. Tá spéis fhadtéarmach ag cuid acu i gcúrsaí reatha nó d'fhorbair siad spéis trí mhodúl Idirbhliana a bhaineann le Polaitíocht agus Sochaí. Mheas daoine eile go raibh an t-ábhar ag teacht le gníomhaíochtaí seach-churaclaim nó lasmuigh den scoil, mar shampla, gníomhaíochas, obair dheonach agus vótáil. Do dhaoine eile, is tarraingt é an plé ranga, ina dtugtar léargas dóibh ar dhearcthaí éagsúla. Rud eile a raibh tionchar aige ná gur bhraith scoláirí freisin gur tháinig an Pholaitíocht agus an tSochaí go maith leis an eolas, na scileanna nó an measúnú i Staidéar Gnó, sa Bhéarla, sa Tíreolaíocht agus/nó sa Stair. Déanann sineirge le pleananna staidéir nó oibre amach anseo sa dlí, san iriseoireacht, san eacnamaíocht, sa riarachán poiblí agus sa pholaitíocht an t-ábhar tarraingteach freisin.

I gcás ina bhfuil líon na scoláirí atá ag déanamh an ábhair seasmhach nó ag dul i méid, meastar gurbh é nádúr ábhartha agus dírithe ar an scoláire an ábhair, múinteoirí paiseanta agus dea-

thorthaí scrúduithe ba chúis leis sin. Tagraíodh don tionchar ar líon na scoláirí sa Stair, ach dúirt ceannairí scoile gur féidir é sin a shárú go héasca trína chinntiú gur féidir le scoláirí Stair agus an Pholaitíocht agus an tSochaí araon a dhéanamh.

## Plé, comhrá agus díospóireacht

Aithnítear plé, breithniú agus díospóireacht mar mhodheolaíochtaí tábhachtacha do Pholaitíocht agus an tSochaí (ROS, 2019, lch 16). D'aithin múinteoirí go raibh dlúthbhaint ag Topaic 4 (Cearta agus freagrachtaí i gcumarsáid le daoine eile) leis an gcur chuige oideolaíoch agus leis an timpeallacht ranga atá mar bhonn leis an ábhar. Is mór ag scoláirí an tsaoirse a fháil fianaise a bhailiú agus a úsáid chun a dtuairimí faoi chúrsaí reatha a chosaint. Déanann siad naisc dhíreacha idir plé agus a leibhéil smaointeoireachta criticiúla, a gcumarsáid agus a meas ar dhaoine eile. D'aithin múinteoirí go gcaithfear tacú le scoláirí chun scileanna dioscúrsacha a fhorbairt, mar shampla, trí obair bheirte a dhéanamh, agus ansin dul ar aghaidh chuig obair ghrúpa.

Thuairiscigh rannpháirtithe gur féidir leis a bheith dúshlánach plé le dearcthaí éagsúla, go háirithe maidir le féiniúlacht agus éagsúlacht chultúrtha (Topaic 7). Bhí scoláirí feasach ar an ngá atá le déileáil go híogair le 'eolas deacair' (Bryan, 2016) a d'fhéadfadh mothúcháin láidre a mhúscailt, ag leagan béime ar an tábhacht a bhaineann le múinteoirí ag gníomhú mar idirghabhálaithe agus gur fearr plé ná díospóireacht sna cásanna seo. Leag siad béim ar imní folláine a bhaineann leis an ngéarchéim aeráide agus ar chlaonadh na meán scéalta nuachta diúltacha a thuairisciú. Ar an gcúis seo, chomhairligh múinteoirí go ndéanfaí oideolaíocht dóchais a chomhtháthú sa tsonraíocht athfhorbartha a mhéid is féidir.

## Raon feidhme na sonraíochta

Cé gur labhair rannpháirtithe go dearfach faoin bPolaitíocht agus an tSochaí, bhí tuairimí measctha ann faoi inbhainistitheacht na sonraíochta reatha. Maíonn roinnt múinteoirí go bhfuil an cúrsa ró-mhór. Is minic a bhíodh an t-aiseolas seo i dteannta tráchtaireachta faoi na dúshláin a bhaineann le fanacht cothrom le dáta le cúrsaí reatha agus le sonraí le déanaí. Aithníodh topaicí áirithe mar thopaicí a thógfadh go leor ama, mar shampla, Topaic 1 (Cumhacht agus cinnteoireacht ar scoil), Topaic 5 (Cearta an duine in Éirinn), Topaic 6 (Cearta an duine san Eoraip agus sa domhan mór) agus Topaic 8 (Forbairt inbhuanaithe). Mar sin féin, bhí tráchtaireacht dhearfach ann freisin faoi na naisc idir na topaicí a chuireann leis an tsonraíocht a choinneáil inbhainistithe.

As na hocht dtopaicí sa tsonraíocht, tá spéis ar leith ag na scoláirí i dTopaic 2, go háirithe inscne agus na meáin. Cé gur mhol scoláirí mná gur mhaith leo an t-ábhar a bhaineann le hinscne a leathnú, mhol múinteoirí nach bhfuil an t-ábhar seo chomh tarraingteach do roinnt scoláirí fir. Ceapann formhór na rannpháirtithe go bhféadfadh na meáin a bheith ina gcuid níos mó den tsonraíocht athfhorbartha. Mar shampla, trí smaointeoir lárnach a chur leis nó trí fhoghlaim faoi úsáid teicneolaíochtaí nua (IS) sna meáin nó i ngníomhaíocht meán na heite clé agus deise.

Tá tuairimí measctha ag rannpháirtithe maidir le hábhar a bhaineann leis an dlí a áireamh sa tsonraíocht reatha. Is leor tagairt don bhreithiúnacht i dTopaic 2, mar aon le deiseanna chun peirspictíocht dhlíthiúil a thabhairt isteach sna topaicí um chearta an duine, do roinnt daoine. Ceapann daoine eile gur féidir dlí bunreachtúil agus dlí teaghlaigh, agus próisis chúirte in Éirinn agus in áiteanna eile a chur leis.

Mheas roinnt daoine nach raibh Topaic 2 teoiriciúil go leor. Mar thoradh air sin, éilíodh idé-eolaíochtaí polaitiúla, an nualiobrálachas agus cumhacht struchtúrach a chur san áireamh. Mhol na scoláirí freisin gur mhaith leo foghlaim faoi údaráis áitiúla agus faoi Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (LPO), agus faoi fhorbairtí polaitiúla i dtíortha an Aontais Eorpaigh agus i dtíortha nach tíortha san Aontas iad araon. Ar an gcúis sin, d'áitigh múinteoirí go ndéanfaí athmhachnamh ar theideal Thopaic 2 (Cumhacht agus cinnteoireacht ar an leibhéal náisiúnta agus na hEorpa).

Is iad cearta an duine (Topaicí 5 agus 6) is mó a bhfuil suim acu iontu i gcás fhormhór na múinteoirí agus na scoláirí. Bhí moltaí ann go n-áireofaí machnamh ar éagothroime eacnamaíoch, agus ar choinbhleacht agus ar imirce trí lionsa chearta an duine a úsáid. Braitheadh freisin gur cheart deiseanna a bheith ag scoláirí foghlaim faoi chásanna ina bhfuil tuairimí polaitiúla míchuibheasacha ag sealbhóirí cearta.

I gcás go leor scoláirí, is iad na príomhsmaointeoirí an chuid is fearr den tsonraíocht sa Pholaitíocht agus an tSochaí. Na smaointeoirí is fearr leo ná Noam Chomsky, Paulo Freire, John Locke, Kathleen Lynch, Karl Marx, Robert Nozick agus Sylvia Walby. Mar sin féin, cé gur iarr na rannpháirtithe go laghdófaí líon na smaointeoirí, ní raibh siad ar aon intinn faoi cé ba cheart a bhaint. Bhí tuairimí láidre ann faoin ngá atá le hathchothromaíocht a dhéanamh idir na smaointeoirí, feabhas a chur ar ionadaíocht inscne agus éagsúlacht seasamh idé-eolaíoch a chur i láthair.

In éagmais argóintí ón eite dheis, dúirt na rannpháirtithe go mbíonn deacrachtaí ag scoláirí idirdhealú a dhéanamh idir na smaointeoirí agus nach bhfaigheann siad tacaíocht leordhóthanach chun fríth-argóint a chur in iúl. Ina theannta sin, thug roinnt múinteoirí dá n-aire nach léiríonn na hargóintí teoiriciúla, mar shampla i bpatrarcacht (Topaic 2), tuairimí líon méadaitheach scoláirí.

Chuir roinnt rannpháirtithe in iúl go raibh siad feasach ar an gcúram is gá agus smaointeoirí ainmnithe á roghnú, chun dlisteanú a sheachaint argóintí polaitiúla míchuibheasacha. Is fiú a aithint gur cuireadh ráiteas sonraíochta 2019 san áireamh mar thoradh ar athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath a mhéid a chiallaíonn go bhféadfaí teoiricithe ábhartha breise a bhreithniú in éineacht leis na smaointeoirí ainmnithe.

## Measúnú

### An Tionscadal Saoránachta

D'aithin múinteoirí gurbh é Topaic 3 (Cur go héifeachtach le pobail) atá mar bhonn faoin tionscadal saoránachta. Go ginearálta, is mór ag scoláirí an cumas teideal a dtionscadal a roghnú agus bhí freagairt mheasctha ann maidir leis an smaoineamh go mbeadh treoir leathan tionscadail ann a d'fhéadfaí a oiriúnú do spéis agus do chomhthéacs na scoláirí. Braitheann scoláirí agus múinteoirí araon easpa cothromais san ualach oibre a bhaineann le teidil tionscadail éagsúla.

Cé gur mhol na scoláirí gur cheart go mbeadh an tionscadal dírithe ar thaighde, d'aontaigh na múinteoirí den chuid is mó gur cheart go ndíreofaí ar ghníomh, i bhfianaise go dtacaíonn sé sin le scileanna saoránachta a fhorbairt. Léiríodh an díospóireacht idir gníomh agus taighde san aiseolas faoin leabhrán críochnaithe digiteach. Mhol na scoláirí athbhreithniú a dhéanamh ar líon na bhfocal agus ar an ualú chun taispeántas agus aitheantas níos cothroime a thabhairt dá gcuid

taighde. D'aontaigh múinteoirí go raibh gá athbhreithniú a dhéanamh ar dháileadh líon na bhfocal agus na marcanna ach go ginearálta cheap siad gur cheart an t-ualú i bhfabhar gnímh a choinneáil.

I measc na ndúshlán a bhain le críochnú tionscadal, luaigh na rannpháirtithe an tsainréim theanga sna teidil agus sa leabhrán, pleanáil, saincheisteanna bainistíochta ama agus ualaigh oibre. Luaigh siad freisin an brú ar scoileanna nuair a roghnaíonn a lán scoláirí teideal a bhfuil eilimint tiomsaithe airgid ann, strus na scoláirí a bhaineann le grúpaí agus eagraíochtaí seachtracha faoi róbhrú a aithint agus brath orthu maidir le faisnéis nó rannpháirteachas, go háirithe i gcomhthéacsanna ina bhféadfadh caipiteal sóisialta a bheith ina fhadhb; agus na rioscaí folláine a bhaineann le taighde agus gníomhartha ar líne a dhéanamh.

Chuir rannpháirtithe imní in iúl faoi leibhéil struis agus an t-aistriú chuig comhpháirteanna measúnaithe sa bhreis á déanamh, agus sceidealú na gcomhpháirteanna sin. Ba mhaith le gach duine an treoir ar Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) a luaithe is féidir. Leag ceannairí scoile béim ar an ngá atá le scileanna taighde na scoláirí a fhorbairt sa tsraith shóisearach, agus ar an athrú cultúrtha atá riachtanach do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí chun tacú le scoláirí chun go n-éireoidh leo ar a dtuillteanas féin. Chuir siad imní ghinearálta in iúl faoi úsáid na hintleachta saorga; saincheisteanna cothromais a bhaineann le teicneolaíocht agus saincheisteanna teicniúla le haighneachtaí CMB.

D'áitigh ceannairí scoile agus scoláirí go n-éilíonn pleananna le haghaidh comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis níos ualaithe go ndéanfar bainistíocht dhian ar ionchais maidir le leibhéal na foghlama sa chúrsa. I gcás cuid acu, is fiú 40% an obair atá ag teastáil do na tionscadail reatha. Mhol daoine eile gur cheart líon na bhfocal sa leabhrán a mhéadú chun teacht le tabhairt isteach an AAC. Bhí roinnt scoláirí i bhfabhar bogadh i dtreo cur chuige punainne ilmheánach, mar fhianaise ar thaighde agus ar ghníomh i bhfíor-am. I measc moltaí eile ó CMB bhí rannpháirtíocht i ndíospóireacht struchtúrtha, aiste taighde nó tráchtas, nó cás-staidéar bunaithe ar shonraí.

**Scrúdú scríofa**

Agus scrúdpháipéir amach anseo á meas acu, léirigh scoláirí go mbainfidís tairbhe as teanga shimplí i gceisteanna, níos mó ama agus luach saothair as tuairimí éagsúla, réasúnaithe a chur i láthair. Tá ailíniú soiléir idir an tsonraíocht athfhorbartha agus an scrúdú agus scéim marcála níos mionsonraithe ag teastáil ó mhúinteoirí. Is maith leis na rannpháirtithe na gearrcheisteanna agus an rogha i Roinn A ach thuairiscigh siad go raibh deacrachtaí acu le Roinn B (ceisteanna bunaithe ar shonraí). Is féidir go mbeadh sé deacair orthu na ceisteanna a léirmhíniú agus is minic a bhíonn sé deacair orthu a thuiscint cad atá á mheasúnú. Ceapann múinteoirí go bhfuil an iomarca marcanna á dtabhairt don roinn seo. Tuigtear an rogha aiste i Roinn C, ach mhol na scoláirí níos lú aistí nó níos mó am scrúdaithe.

## Achoimre ar an gCuid seo

- Reáchtáladh fócasghrúpaí le scoláirí, múinteoirí agus ceannairí scoile i sé scoil ionadaíocha.

- Leag an t-aiseolas ar aidhm an ábhair béim ar fhoghlaim faoi thionchar na cumhachta, ar imeachtaí agus dúshláin reatha, agus ar scileanna taighde agus fiosrúcháin. Leagadh béim ar thábhacht na n-oideolaíochtaí comhráiteacha chun an aidhm a bhaint amach.

- Roghnaíonn scoláirí an Pholaitíocht agus an tSochaí mar go n-oireann sé dá spéis i gcúrsaí reatha, a rannpháirtíocht i ngrúpaí agus i ngníomhaíochtaí ar scoil agus lasmuigh den scoil, roghanna ábhar eile Ardteistiméireachta agus/nó le pleananna na scoláirí/oibre amach anseo.

- Bhí scoláirí feasach ar an ngá atá le déileáil go híogair le topaicí mothúchánacha nó topaicí a d'fhéadfadh imní a mhúscailt, amhail féiniúlacht agus cultúr nó an ghéarchéim aeráide.

- Chuir múinteoirí tuairimí measctha in iúl faoi inbhainistitheacht na sonraíochta.

- San aiseolas ó scoláirí agus ó mhúinteoirí, léiríodh go raibh suim mhór acu in inscne, sna meáin agus i gcearta an duine. Moladh go mór go ndéanfaí líon na smaointeoirí tábhachtacha ainmnithe sa tsonraíocht, agus ar an gcothromaíocht eatarthu, a bhreithniú.

- Bhí tuairimí measctha ann faoi líon agus cineál na dteideal CSS don tionscadal saoránachta; an t-ualú measúnaithe agus comhaireamh focal i bhfabhar gníomhaíochta thar thaighde; agus, i dtéarmaí moltaí le haghaidh CMB sa tsonraíocht athfhorbartha.

- Dhírigh an t-aiseolas ar an scrúdú scríofa ar an am a thóg sé sa scrúdú, ar airde na gceisteanna, agus ar an scéim marcála.

# Treochtaí idirnáisiúnta sa Pholaitíocht agus an tSochaí

Déantar machnamh sa chuid seo ar thírdhreach oideachais na saoránachta go hidirnáisiúnta. Léiríonn athbhreithniú ar churaclaim ábhartha na meánscoile sinsearaí i gceithre dhlínse (an Fhrainc, an Baccalaureate Idirnáisiúnta, an Nua-Shéalainn agus Tuaisceart Éireann) na príomhréimsí staidéir laistigh de na curaclaim idirnáisiúnta seo agus cuireann sé réimse struchtúr meánscoile sinsearaí ar fáil chun athfhorbairt shonraíocht na hArdteistiméireachta sa Pholaitíocht agus an tSochaí a threorú. Roghnaíodh na ceithre churaclam sin mar gur cláir nó ábhair neamhspleácha iad go léir, cé go bhfuil leithdháiltí ama difriúla acu. In go leor dlínsí eile, bíonn oideachas saoránachta (nó gaolmhar) téamach trasna disciplíní eile, le leithdháiltí ama forordaithe agus gan iad. Cuireann na ceithre churaclam éagsúlacht léirmhínithe ar oideachas saoránachta meánscoile sinsearaí agus cineálacha éagsúla cur chuige maidir le measúnú ar fáil freisin. Rinneadh athbhreithniú agus cur chun feidhme le déanaí ar dhoiciméid churaclaim na Fraince agus an Baccalaureate Idirnáisiúnta, agus sa Nua-Shéalainn tá sé beartaithe go gcríochnófar an t-athbhreithniú in 2029.

## An Fhrainc – Oideachas Morálta agus Sibhialta

Tugadh Oideachas Éigeantach Morálta agus Saoránach (EMC) isteach sa Fhrainc ag leibhéal bunscoile agus meánscoile in 2015. Sa dá bhliain dheireanacha (*première* agus *terminale*) don *Baccalauréat* ginearálta agus teicniúil, sanntar 18 n-uair an chloig san iomlán do EMC, is é sin, 9 n-uair an chloig in aghaidh na bliana. Foilsíodh clár nua EMC Baccalauréat, leis an sannadh ama céanna, in 2024/25 agus cuirfear chun feidhme é sa bhliain *première* in 2025/26, agus in *terminale* in 2026/27.

Díríonn an clár nua *première* ar 'Comhtháthú agus Éagsúlacht i Sochaí Dhaonlathach', agus fócas *terminale* ná 'Saol Daonlathach: Díospóireacht, Breithniú agus Cinnteoireacht'. Tá dhá théama i ngach ceann de na haonaid seo, mar a leanas:

*Première* - Comhtháthú agus Éagsúlacht i Sochaí Dhaonlathach:

1. Comhtháthú sóisialta agus luachanna agus prionsabail na Poblachta, le topaicí lena n-áirítear dlúthpháirtíocht agus bráithreachas; comhionannas inscne; idirdhealú agus sochaí ionchuimsitheach; ciníochas, frith-Sheimíteachas, tuairimí frith-Romanaíoch, seineafóibe, agus fuath frith-LADTA; iolrachas.
2. An Phoblacht agus an Náisiún, lena n-áirítear do-roinnteacht na Poblachta agus dílárú; náisiúntacht agus saoránacht; cosaint agus slándáil náisiúnta; sochaí dhigiteach.

*Terminale* - an Saol Daonlathach: Díospóireacht, Breithniú agus Cinnteoireacht:

1. Prionsabail agus spásanna na díospóireachta daonlathaí, lena n-áirítear cultúr na díospóireachta agus eitic an phlé; páirtithe polaitíochta agus an tsochaí shibhialta eagraithe; tuairim an phobail; daonlathas rannpháirteach; sochaí dhigiteach; saoránacht ghníomhach.
2. Breithniú institiúideach, lena n-áirítear dlisteanacht; comhthoil nó tromlach; dlí Eorpach; dlí idirnáisiúnta.

Leagtar amach sa chur chuige oideolaíochta atá mionsonraithe i gclár EMC gur cheart do phleanáil múinteoirí díriú ar mhachnamh a spreagadh, agus dá bhrí sin táthar ag súil go n-áireofar ann taighde, agus/nó cur i láthair agus/nó plé réasúnaithe nó díospóireachtaí foirmiúla. Cuireann sé sin

le forbairt scileanna labhartha na scoláirí, go háirithe trí chleachtadh argóinteachta, rud a chuireann ar a gcumas a gcuid smaointe a shoiléiriú agus a réasúnaíocht a dhéanamh follasach.

**Measúnú**
Tá ualú 40% den *Baccalauréat* ag baint leis an measúnú leanúnach scoilbhunaithe. Tagann 2% den 40% ón meánmharc bliantúil sa dá bhliain deiridh de EMC na meánscoile sinsearaí. Féadfaidh múinteoirí EMC an 'tionscadal bliantúil' a cheapadh ar féidir leis a bheith ina mhionstaidéar, ina thaighde, ina thráchtaireacht ar réimse leathan foinsí doiciméadacha, nó ina rannpháirtíocht le grúpaí nó le hoifigigh sheachtracha. Nó, ag baint leas as treoir na hAireachta Oideachais maidir le measúnú leanúnach don *Baccalauréat*, is féidir le múinteoirí a chinneadh go bhfaighidh gach scoláire trí ghrád in aghaidh na bliana, agus go mbeidh a ngrád bliantúil deiridh bunaithe orthu sin. D'fhéadfadh na trí ghrád sin a bheith bainteach le réimse measúnuithe, mar shampla: rannpháirtíocht i ndíospóireacht, i ngníomhaíocht ghrúpa, i dtionscadal taighde nó léiriúcháin, nó saothar scríbhneoireachta machnaimh ar leith i ndiaidh díospóireachta nó aon chomhghníomhaíochta eile.

## An Baccalaureate Idirnáisiúnta – Polaitíocht Dhomhanda

Is ábhar í an Pholaitíocht Dhomhanda sa dá bhliain deiridh (scoláirí idir 16-19 mbliana d'aois) de Chlár Dioplóma (DP) an Baccalaureate Idirnáisiúnta (IB). Foilsíodh siollabas athbhreithnithe i mí Feabhra 2024, le cur i chun feidhme ó mhí Lúnasa 2024. Beidh an chéad mheasúnú ar siúl i mí na Bealtaine 2026. Roghnaigh na scoláirí Polaitíocht Dhomhanda as naoi n-ábhar i ngrúpa dar teideal 'An Duine Aonair agus an tSochaí'. Tá cúrsa DP na Polaitíochta Domhanda ar fáil ag an leibhéal caighdeánach (LC) agus ag an ardleibhéal (AL) araon. Tá LC agus AL éagsúil ó thaobh faid (LC = 150 uair an chloig teagaisc; AL = 240 uair an chloig teagaisc) agus raon feidhme foghlama de ach tá na tuairisceoirí gráid céanna acu.

Sa chúrsa Polaitíochta Domhanda, fiosraítear coincheapa bunúsacha na polaitíochta amhail cumhacht, ceannasacht, dlisteanacht, comhionannas, idirspleáchas, inbhuanaitheacht agus síocháin. Tá sé d'aidhm aige tuiscint a fhorbairt ar ghnéithe áitiúla, náisiúnta, idirnáisiúnta agus domhanda na gníomhaíochta polaitíochta, agus saincheisteanna polaitíochta a mbíonn tionchar acu ar shaol na scoláirí a fhiosrú. Cuireann sé ar chumas na scoláirí cumhacht sa pholaitíocht dhomhanda chomhaimseartha a mheas; scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn agus a n-idirghníomhaíonn gníomhaithe stáit agus neamhstáit; imscrúdú agus anailís a dhéanamh ar shaincheisteanna polaitíochta comhaimseartha; agus tiomantas a fhorbairt do shaoránacht dhomhanda ghníomhaíoch.

Pléann DP na Polaitíochta Domhanda na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí, agus é d'aidhm aige cabhrú le scoláirí coincheapa polaitíochta teibí a thuiscint trí na coincheapa a bhunú ar shamplaí agus ar chás-staidéir ón saol réadúil, agus staidéar comparáideach a spreagadh. Tá forbairt feasachta idirnáisiúnta agus ar go leor peirspictíochtaí mar chroílár den chúrsa, a bhfuil sé d'aidhm aige idirphlé agus díospóireacht a spreagadh freisin.

Tá croí-churaclam coiteann ag an gcúrsa (125 uair an chloig do LC agus AL araon) faoin téama lárnach aontaitheach 'daoine, cumhacht agus polaitíocht'. Cuimsítear ceithre aonad leis an gcúrsa, a bhfuil topaicí éigeantacha ainmnithe ag gach ceann acu:

| Aonaid | Topaicí éigeantacha ainmnithe |
|---|---|
| Tuiscint ar chumhacht agus ar pholaitíocht dhomhanda (croí-aonad) | An pholaitíocht dhomhanda a chur i gcomhthéacs; Córais agus idirghníomhaíochtaí; Cumhacht; Ceannasacht; Dlisteanacht; Idirspleáchas (na Náisiúin Aontaithe ina measc); agus Peirspictíochtaí Teoiriciúla sa pholaitíocht dhomhanda. |
| Cearta agus ceartas/cearta an duine (staidéar téamach) | Bríonna idir chamáin; Idirghníomhaíochtaí páirtithe leasmhara agus gníomhaithe polaitiúla; Cineál, cleachtas agus staidéar ar chearta agus ar cheartas; agus Díospóireachtaí ar chearta agus ar cheartas. |
| Forbairt agus inbhuanaitheacht (staidéar téamach) | Bríonna idir chamáin; Idirghníomhaíochtaí páirtithe leasmhara agus gníomhaithe polaitiúla; Cineál, cleachtas agus staidéar ar fhorbairt agus ar inbhuanaitheacht; agus Díospóireachtaí ar fhorbairt agus ar inbhuanaitheacht. |
| Síocháin agus coimhlint (staidéar téamach) | Bríonna idir chamáin; Idirghníomhaíochtaí páirtithe leasmhara agus gníomhaithe polaitiúla; Cineál, cleachtas agus staidéar ar shíocháin agus ar choimhlint; agus Díospóireachtaí ar shíocháin agus ar choimhlint. |

Tábla 4: Aonaid na Polaitíochta Domhanda IB DP

Is féidir na topaicí den chroí-aonad a staidéar leo féin nó a chomhtháthú leis na staidéir théamacha. Is féidir le scoláirí scrúdú a dhéanamh ar chás-staidéir fhada ina gcuimsítear níos mó ná téama amháin freisin.

**Measúnú**

Díríonn cuspóirí measúnaithe na Polaitíochta Domhanda ar eolas agus tuiscint, ar chur i bhfeidhm agus ar anailís, ar shintéis agus ar mheasúnú, agus ar úsáid agus ar chur i bhfeidhm scileanna cuí. Baineann na cuspóirí sin le gach comhpháirt den mheasúnú.

Ní mór do gach scoláire tionscadal rannpháirtíochta a dhéanamh (LC = 25 uair an chloig, AL = 35 uair an chloig), lena n-éilítear, mar fhoghlaim ar bhonn fiosraithe, saincheist pholaitíochta i bpobal nó i suíomh áitiúil a aithint agus a anailísiú trí thaighde agus rannpháirtíocht ghníomhach. Déanann scoláirí AL taighde breise chun moltaí a chur ar fáil chun an tsaincheist pholaitíochta a sainaithníodh a phlé. Comhlánaíonn gach scoláire tuarascáil scríofa bunaithe ar thionscadal rannpháirtíochta. Déantar measúnú agus fíordheimhniú inmheánach ar an tuarascáil (LC = 2,000 focal do 30%; AL = 2,400 focal do 20%), agus déanann an IB modhnóireacht sheachtrach uirthi.

Déanann scoláirí atá ag déanamh AL fiosrúchán breise i bhfoirm taighde neamhspleách ar dhá chás-staidéar. Tá 80 uair an chloig sannta don taighde cás-staidéir sin agus ní mór dó teacht faoi réimsí topaicí AL maidir le dúshláin na polaitíochta domhanda: Teorainneacha, an Comhshaol, Comhionannas, Sláinte, Féiniúlacht, Bochtaineacht, Slándáil, Teicneolaíocht.

Ag leibhéal LC, déanann scoláirí dhá scrúdú scríofa sheachtracha (3 uair an chloig: 1.25 + 1.75). Déanann scoláirí atá ag déanamh an chúrsa AL trí scrúdú scríofa sheachtracha (4.5 uair an chloig: 1.25 + 1.75 + 1.5).

- Bíonn ceithre cheist éigeantacha bunaithe ar fhoinsí (téacs, íomhánna, léaráidí, grafaic faisnéise) a dhíríonn ar thopaicí ó gach cearn den chúrsa i bPáipéar 1 (LC = 30%; AL = 20%).
- Tá ceisteanna le freagraí plé i bPáipéar 2 (LC = 40%; AL = 30%). Freagraíonn scoláirí ceist amháin atá dírithe ar staidéar téamach ar leith, agus ceist amháin atá comhtháite a dhéanann naisc trasna an chúrsa.
- Páipéar 3 (AL amháin = 30%) Ceisteanna spreagthach-bhunaithe. Tacaíonn na scoláirí lena bhfreagraí ar 3 cheist le fianaise ó dhá chás-staidéir a ndearna siad taighde orthu roimhe seo.

## An Nua-Shéalainn – Staidéar Sóisialta

Is ábhar roghnach é an Staidéar Sóisialta sna trí bliana deiridh (Blianta 11-13, 15-18 mbliana d'aois) den oideachas meánscoile sinsearaí sa Nua-Shéalainn. Chun go measfar gur ábhar ceadaithe de Theastas Náisiúnta na Gnóthachtála Oideachasúla (NCEA)/Iontráil Ollscoile (UE) é, ní mór do scoláirí 14 chreidiúint a bhaint amach faoin tríú bliain, arb ionann é agus 140 uair an chloig de theagmháil ranga agus staidéar neamhspleách le chéile.

Tá sé mar aidhm ag an Staidéar Sóisialta (NCEA) tuiscint, eolas agus scileanna na scoláirí a fhorbairt i ndáil le próisis shóisialta, chultúrtha, eacnamaíocha agus pholaitiúla, agus iad a chumasú chun páirt a ghlacadh sa tsochaí mar shaoránaigh atá eolasach go criticiúil, eiticiúil agus báúil a bhfuil cúram agus tiomantas acu d'fholláine na sochaí. Leagann siad béim ar eispéiris sa Nua-Shéalainn agus i réigiún an Aigéin Chiúin, agus ar cheangal leis an domhan i gcoitinne.

Is cuid lárnach den Staidéar Sóisialta é an méid seo a leanas: (1) fiosrúchán sóisialta, chun saincheisteanna sóisialta comhaimseartha a fhiosrú agus eolas a chur ar fáil do chinnteoireacht a bhaineann le gníomhartha sóisialta; agus (2) gníomh sóisialta i ndáil le saincheist shóisialta chomhaimseartha, agus trí phróisis, chleachtais agus scileanna an Staidéir Shóisialta. Tacaíonn fiosrúchán sóisialta agus gníomh sóisialta le heolas agus tuiscint na scoláirí i ndáil leis na 'Mórsmaointe' agus an 'Fhoghlaim Shuntasach'[1] sa churaclam. Is minic a thrasnaíonn gnéithe den

---

[1] Is é is Foghlaim Shuntasach ann ná foghlaim gur ríthábhachtach é a bheith ar eolas ag an scoláire, go dtuigfidís é agus go ndéanfaidís é faoi dheireadh gach leibhéil curaclaim sa Staidéar Sóisialta.

Fhoghlaim Shuntasach roinnt gnéithe de na Mórsmaointe Iolracha (a leagtar amach thíos), agus a mhalairt.

- Mórsmaoineamh 1): Bíonn cultúir dinimiciúil agus athraíonn siad trí cheangal agus idirghníomhaíocht.
- Trí fhiosrúchán sóisialta, cuireann na scoláirí a bhféiniúlachtaí, a gcultúir, a dtaithí saoil agus a n-eolas féin i bhfeidhm ar shaincheisteanna sóisialta agus fiosraíonn siad cúiseanna agus iarmhairtí an athraithe.
- Mórsmaoineamh 2): Tá sochaithe comhdhéanta de chórais éagsúla a mbíonn tionchair iomadúla acu ar dhaoine. Foghlaimíonn na scoláirí faoi eagrú sóisialta san am a caitheadh agus san am i láthair agus déanann siad impleachtaí agus dúshláin amach anseo a mheas. Forbraíonn siad tuiscint ar áit sna córais shóisialta seo, agus a dtaithí saoil féin mar bhunús leo. Tugann an Mórsmaoineamh seo deiseanna chun foirmeacha sóisialta, cultúrtha, traidisiúnta agus spioradálta córas cinnteoireachta a fhiosrú agus a chur i gcomparáid. Fiosraíonn siad an chaoi a mbíonn cumhacht, pribhléid agus rialú i gcinnteoireacht lárnach maidir leis na tionchair ar dhaoine agus a dtaithí; scrúdaíonn siad bacainní ar rannpháirtíocht; agus déanann siad athrú féideartha amach anseo ar struchtúir shóisialta a mheas.
- Mórsmaoineamh 3): Bíonn tionchar ag sreabhadh domhanda ar shochaithe.
- Fiosraíonn na scoláirí ár ndomhan idirnasctha ina n-idirghníomhaíonn agus ina mbíonn tionchar ag sreafaí sóisialta, cultúrtha, eacnamaíocha, polaitiúla agus comhshaoil ar fud an domhain ar dhaoine agus ar áiteanna. Fiosraíonn siad na rudaí ar féidir le saoránaigh a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna domhanda, amhail coimhlintí idirnáisiúnta, athrú aeráide, agus paindéimí domhanda, agus forbraíonn siad scileanna agus tuiscint i gcritíc a dhéanamh ar réiteach fadhbanna agus cinnteoireacht ar an leibhéal domhanda, mar shampla, trí chumhacht, ceannasacht, ceannas cultúrtha, agus coilíniú a imscrúdú.

**Measúnú**

I gcás Staidéar Sóisialta NCEA, is iad seo a leanas caighdeáin ghnóthachtála Leibhéal 3:

| Caighdeán | Creidiúintí | Dálaí measúnaithe |
|---|---|---|
| 1. Tuiscint a léiriú ar fhreagairtí idé-eolaíocha ar shaincheist | 4 | Seachtrach: Scrúdú páipéir/ar líne ag deireadh na bliana. Freagra/cuntas (800-900 focal) ar shaincheist reatha a shainaithin an scoláire. |
| 2. Fiosrúchán sóisialta criticiúil a dhéanamh | 6 | Inmheánach: Is iad an múinteoir, nó an scoláire i gcomhairle leis an múinteoir, a chinneann béim lárnach an fhiosrúcháin. Bailítear fianaise ó ghníomhaíochtaí laistigh agus lasmuigh den rang agus is féidir í a chur i láthair in aon mheán. I gcás fiosrúchán grúpa, ní mór don mhúinteoir a chinntiú go bhfuil fianaise ann go bhfuil gach gné den chaighdeán comhlíonta ag gach scoláire. |

| | | |
|---|---|---|
| 3. Tuiscint a léiriú ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag idé-eolaíochtaí ar an tsochaí | 4 | Seachtrach: Scrúdú páipéir/ar líne ag deireadh na bliana. Anailís ar acmhainní i leabhrán ainmnithe, ag úsáid scileanna a foghlaimíodh le linn an chúrsa. |
| 4. Scrúdú a dhéanamh ar rannpháirtíocht phearsanta i ngníomh(artha) sóisialta a bhfuil sé d'aidhm acu tionchar a imirt ar athruithe beartais | 4 | Inmheánach: Chomh maith leis na dálaí a leagtar amach don fhiosrúchán sóisialta criticiúil, tá rannpháirtíocht ghníomhach an scoláire bunaithe ar rannpháirtíocht chaibidlithe i ngníomh(artha) sóisialta atá ceadaithe ag an scoil. Ba cheart fianaise a thaifeadadh agus samplaí sonracha a thaispeáint den chaoi ar ghlac an scoláire páirt ann. |
| 5. Scrúdú a dhéanamh ar fheachtas de ghníomh(artha) sóisialta a rinneadh chun tionchar a imirt ar athrú/athruithe beartais | 4 | Inmheánach: D'fhéadfadh an feachtas a bheith ina fheachtas reatha nó ina fheachtas stairiúil a bhfuil iarmhairtí leanúnacha aige. |

Tábla 5: Staidéar Sóisialta NCEA: caighdeáin ghnóthachtála agus dálaí measúnaithe

Do NCEA, ní mór don scoláire 14 chreidiúint a bhaint amach ag Leibhéal 3. I gcás gach caighdeáin, leagtar amach na critéir ghnóthachtála ag trí leibhéal: Gnóthachtáil, Gnóthachtáil le Tuillteanas, agus Gnóthachtáil le Barr Feabhais.

## Tuaisceart Éireann – Rialtas agus Polaitíocht

Tá TGO Leibhéal A i Rialtas agus Polaitíocht ar fáil ag leibhéil AS agus A2. Is féidir le scoláirí an dá aonad AS (i mBliain 1 den chúrsa dhá bhliain) a dhéanamh, móide an dá aonad A2 (i mBliain 2) le haghaidh cháilíocht TGO A-Leibhéal 360 uair an chloig. Tá rogha acu freisin an cúrsa AS 180 uair an chloig a dhéanamh mar cháilíocht neamhspleách.

Tá sé d'aidhm ag Rialtas agus Polaitíocht cabhrú le scoláirí tuiscint níos fearr a fháil ar chórais agus smaointe polaitiúla agus ar na hathruithe a bhí acu ar an tsochaí, agus spéis níos fearr a chur iontu, agus cur ar a gcumas an tuiscint sin a nascadh le himeachtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a tuairiscítear sna meáin. Déanann na scoláirí na struchtúir údaráis agus chumhachta sna córais pholaitiúla a mbíonn an tionchar is mó acu ar a saol a fhiosrú agus déanann siad machnamh criticiúil orthu, agus bíonn deiseanna acu scileanna smaointeoireachta cruthaithí agus réitigh fadhbanna, anailíse, taighde agus meastóireachta a fhorbairt.

Tá ceithre aonad sa tsonraíocht:

- AF 1: Rialtas agus polaitíocht Thuaisceart Éireann ó 1998, lena n-áirítear Tionól Thuaisceart Éireann; an Coiste Feidhmiúcháin; agus páirtithe polaitíochta Thuaisceart Éireann.
- AF 2: Próiseas polaitíochta na Breataine, lena n-áirítear an Pharlaimint; an Feidhmeannas; Breithiúna na Breataine; agus brúghrúpaí sa Ríocht Aontaithe.

- A2 1: Rogha A - Staidéar comparáideach ar rialtas agus ar pholaitíocht Stáit Aontaithe Mheiriceá agus na Ríochta Aontaithe, nó Rogha B - Staidéar comparáideach ar rialtas agus ar pholaitíocht Phoblacht na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe.
- A2 2: Rogha A - Cumhacht pholaitiúil, lena n-áirítear na tosca a bhaineann le feidhmiú agus teoiricí na cumhachta polaitiúla, nó Rogha B - Smaointe polaitiúla, bunaithe ar staidéar a dhéanamh ar thrí théacs thábhachtacha – J S Mill, *On Liberty*; Edmund Burke, *Reflections on the Communisty in France*; agus Marx agus Engels, *The Communist Manifesto*. Fiosraíonn na scoláirí na trí phríomh-idé-eolaíocht pholaitiúla freisin – an Liobrálachas, an Coimeádachas, agus an Sóisialachas.

**Measúnú**

Díríonn cuspóirí measúnaithe do Rialtas agus Polaitíocht ar eolas agus tuiscint, ar anailís agus meastóireacht, agus ar argóintí stuama a chruthú agus a chur in iúl. Déantar measúnú seachtrach ar gach ceann de na ceithre aonad i Rialtas agus Polaitíocht trí scrúduithe scríofa, mar atá achoimrithe thíos.

| Aonaid | Measúnú | Uaireanta an Chloig | Ualú |
|---|---|---|---|
| AF 1: Rialtas agus polaitíocht Thuaisceart Éireann ó 1998 | Scrúdú scríofa seachtrach<br>Foinse amháin: 4 cinn de ghearrcheisteanna agus ceisteanna plé | 1u 30 | AS: 40%<br>A-Leibhéal: 16% |
| AF 2: Próiseas polaitiúil na Breataine | Scrúdú scríofa seachtrach<br>5 cinn de ghearrcheisteanna agus ceisteanna plé | 1u 45 | AS: 60%<br>A-Leibhéal: 24% |
| A2 1: Staidéar comparáideach (Rogha A nó B) | Scrúduithe scríofa seachtracha<br>Foinse amháin: 6 cheist | 2u 15 | A-Leibhéal: 35% |
| Aonad A2 2: Cumhacht nó Smaointe na Polaitíochta (Rogha A nó B) | Scrúdú scríofa seachtrach<br>Foinse: 5 cinn de ghearrcheisteanna agus ceisteanna plé | 1u 30 | A-Leibhéal: 25% |

Tábla 6: Measúnú AS agus A2 do Rialtas agus Polaitíocht

Le forbairtí i ndlínsí eile maidir le Polaitíocht agus Sochaí na meánscoile sinsearaí, soláthraítear tagairt thábhachtach chun sonraíocht nua Pholaitíocht agus Shochaí na hArdteistiméireachta a fhorbairt agus a phlé.

## Achoimre ar an gCuid seo

- Cuireann an Fhrainc, an Baccalaureate Idirnáisiúnta, an Nua-Shéalainn, Tuaisceart Éireann cúrsaí meánscoile sinsearaí atá ábhartha don Pholaitíocht agus an tSochaí ar fáil mar chlár nó ábhar neamhspleách. Áirítear na ceithre chúrsa leis an teastasú, ar mhéideanna éagsúla, áfach.

- Sa Fhrainc, is clár éigeantach 18 n-uair an chloig é Oideachas Morálta agus Sibhialta na meánscoile sinsearaí a mhaireann ar feadh dhá bhliain. Dírítear ar 'Comhtháthú agus Éagsúlacht i Sochaí Dhaonlathach' (sa chéad bhliain), agus 'An Saol Daonlathach: Díospóireacht, Breithniú agus Cinnteoireacht' (sa dara bliain). Is measúnú leanúnach agus scoilbhunaithe é, agus is fiú 2% é den 40% atá ann don mheasúnú leanúnach sa *Baccalauréat* ginearálta agus teicniúil.

- Is cúrsa roghnach dhá bhliain é siollabas Pholaitíocht Dhomhanda IBDP ar féidir staidéar a dhéanamh air ag an leibhéal caighdeánach nó ag ardleibhéal (LC/AL). Tá an fhoghlaim struchtúrtha in aonaid éigeantacha dar teideal 'Tuiscint ar chumhacht agus ar pholaitíocht dhomhanda,' 'Cearta agus ceartas/cearta an duine,' 'Forbairt agus inbhuanaitheacht,' agus 'Síocháin agus coimhlint'. Déantar measúnú inmheánach (tionscadal rannpháirtíochta – na scoláirí uile; dhá chás-staidéar bunaithe ar thaighde – na scoláirí atá ag déanamh AL) agus measúnú seachtrach (scrúduithe scríofa).

- Sa Nua-Shéalainn, is ábhar roghnach é an Staidéar Sóisialta don Teastas Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais (NCEA). Bíonn 140 uair an chloig de theagmháil ranga agus staidéar neamhspleách in imeacht 3 bliana i gceist. Díríonn an cúrsa ar dhaoine — cé hiad, cad a dhéanann siad, conas a athraíonn siad, agus cad a tharlaíonn dóibh. Is príomhghnéithe iad gníomhaíocht agus fiosrúchán sóisialta. Déantar measúnú inmheánach (fiosrúchán sóisialta criticiúil; rannpháirtíocht ghníomhaíoch i ngníomh) agus measúnú seachtrach (scrúduithe scríofa) araon.

- I dTuaisceart Éireann, is féidir staidéar a dhéanamh ar Rialtas agus Polaitíocht TGO ag leibhéil AS (180 uair an chloig) agus A2 (360 uair an chloig) araon. Cuimsítear ceithre aonad leis an gcúrsa: Rialtas agus polaitíocht Thuaisceart Éireann ó 1998 (AS 1), Próiseas polaitiúil na Breataine (AS 2), Staidéar comparáideach ar pholaitíocht agus rialtas (SAM agus an Ríocht Aontaithe nó Poblacht na hÉireann agus an Ríocht Aontaithe) (A2 1), agus Cumhacht Pholaitiúil nó Smaointe Polaitiúla (A2 2). Déantar measúnú ar gach aonad trí scrúduithe scríofa.

- Tugann na ceithre dhlínse sin léargas éagsúil maidir le soláthar agus cur chuige i leith na croí-fhoghlama agus na foghlama roghnaithe, agus an mheasúnaithe.

# Ceisteanna a bhfuil Machnamh le Déanamh Orthu

Leagtar amach saincheisteanna sa chuid seo a bhfuil machnamh le déanamh orthu maidir le hathfhorbairt na Polaitíochta agus na Sochaí. Tagann siad seo chun cinn ó nádúr an ábhair é féin, chomh maith le húsáid a bhaint as téamaí a thagann chun cinn ó na codanna roimhe seo sa cháipéis eolais seo.

## Leanúnachas agus comhtháiteacht curaclaim

Tugann Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) na Sraithe Sóisearaí 'bunús san eolas, scileanna agus meonta a theastaíonn chun staidéar a dhéanamh ar an bPolaitíocht agus an tSochaí' (ROS, 2019, lch 9). De réir na litríochta, is minic a bhíonn dúshláin achtaithe atá fréamhaithe i bhfeidhm ag OSSP, agus bíonn cúiseanna iomadúla leo (O'Brien, 2024; Redmond agus Butler, 2003). Caithfidh an mheitheal forbartha na dúshláin leanúnachais sin a chur san áireamh agus athfhorbairt na Polaitíochta agus na Sochaí a dhéanamh dá réir.

Deimhníodh in Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach – Tuarascáil Chomhairleach (2022) gur cheart sraith shinsearach do gach scoláire, a chuireann réimse conairí foghlama ar fáil, a fhorbairt. Éilítear leis seo go bhforbrófar comhpháirteanna den churaclam a fhéadfaidh freastal ar riachtanais na scoláirí i dtaca le réimse, leanúnachas, comhdhlúthú, dul chun cinn agus aistriú. I gcás na haidhme go dtáirgfear réimse conairí foghlama sa tsraith shinsearach, tá ceisteanna ann maidir le comhleanúnachas le comhpháirteanna den churaclam Ardteistiméireachta agus níos faide anonn. Maidir le forbairt na Polaitíochta agus na Sochaí, beidh ceisteanna ar leibhéal cláreagraithe na sraithe sinsearaí le cur san áireamh, amhail:

- Conas a ailíneoidh an tsonraíocht le hábhair eile na sraithe sinsearaí?
- Conas is féidir le foghlaim agus measúnú sa Pholaitíocht agus an tSochaí na scoláirí a ullmhú don saol, don fhoghlaim agus don saol oibre amach anseo?

## Tábhacht agus raon na sonraíochta

De bharr gur ábhar idirdhisciplíneach í an Pholaitíocht agus an tSochaí, tá ábharthacht chuimsitheach ag an ábhar. Ba cheart go dtabharfaí aird san athfhorbairt ar chothromaíocht chuí idir foghlaim a bhaineann leis an eolaíocht shóisialta agus leis an eolaíocht pholaitiúil, mar aon le forbairtí ríthábhachtacha le déanaí i réimse an oideachais saoránachta agus aiseolas ó fhócasghrúpaí scoile.

Is léir ó aiseolas na scoláirí go gcuireann a spéis in imeachtaí agus i ndúshláin reatha le tarraingt na Polaitíochta agus na Sochaí, agus le rannpháirteachas inti. Is breithnithe comhthéacsúla tábhachtacha iad athruithe i dtírdhreach an oideachais agus beartas agus athruithe móra sna timpeallachtaí polaitiúla agus sóisialta áitiúla, náisiúnta agus domhanda, maidir le hathfhorbairt na Polaitíochta agus Sochaí. Lena chois sin, sa chomhthéacs go mbíonn ár ndomhan ag athrú go tapa, beidh gá lena chinntiú go mbeidh luach agus tábhacht ag an ábhar san am atá le teacht.

Ní mór aiseolas ó fhócasghrúpaí ar na saincheisteanna a eascraíonn as líon agus fairsinge na smaointeoirí tábhachtacha a mheas go mion, go háirithe maidir leis na rioscaí féideartha a bhaineann le teoiricí a chur san áireamh a d'fhéadfadh a bheith i gcoinne cur chuige i leith chearta an duine. Beidh gá le raon feidhme an chúrsa a mhaolú maidir le haois/leibhéal na scoláirí agus an

t-am a chuirtear ar fáil don ábhar. Chun inbhainistitheacht a chinntiú, beidh gá machnamh cúramach a dhéanamh ar chineál agus ar mhéid an ábhair, agus ag an am céanna tacú le múinteoirí agus le scoláirí le bheith ag plé le heolas reatha, agus eolas a d'fhéadfadh a bheith deacair agus íogair.

## An tábhacht atá le forbairt cumais agus scileanna

Le hathfhorbairt Pholaitíocht agus Shochaí na hArdteistiméireachta, cuirtear deis ar fáil le tacaíocht a thabhairt do na scoláirí chun 'príomhinniúlachtaí a fhorbairt laistigh agus ar fud an churaclaim i rith na sraithe sinsearaí' (CNCM, 2023, lch 1). Tá tábhacht ar leith ag baint leis an bpríomhinniúlacht 'Rannpháirtíocht sa tsochaí' don Pholaitíocht agus an tSochaí. Trí phlé leis an inniúlacht sin, faigheann an scoláire 'tuiscint níos doimhne ar chearta agus freagrachtaí an duine, ar an éagsúlacht, cothromas, ionchuimsiú, ceartas sóisialta agus inbhuanaitheacht. Bíonn sé meabhrach ar cheisteanna sochaíocha agus baint aige leo, agus é ag féachaint le tuiscint a fháil ar na fáthanna a dtagann ann do na ceisteanna seo agus lena dtionchair a mhaolú. Léiríonn sé a thiomantas i leith rannpháirteachas bríoch ar scoil agus lasmuigh di agus bíonn sé i bhfách le hathrú dearfach agus déanann iarracht é a réadú' (CNCM, 2024, lch 27).

Leag aiseolas na scoláirí béim ar an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic le peirspictíochtaí eile seachas a gcuid féin, agus le foghlaim conas sonraí agus smaointeoirí tábhachtacha a úsáid chun tacú go héifeachtach le hargóintí agus frithargóintí. Léirítear i litríocht ar chur chun feidhme an ábhair cumas na Polaitíochta agus na Sochaí chun tacú le scoláirí scileanna idirphlé, taighde agus fiosrúcháin, machnaimh agus gníomhaíochta a fhorbairt (Levins, 2018; McKeever, 2023; Reale, 2024).

Agus sonraíocht na Polaitíochta agus na Sochaí á hathfhorbairt, ba cheart don mheitheal forbartha iarracht a dhéanamh foghlaim a threisiú a thacaíonn le scoláirí na scileanna sin a bhaineann leis an eolaíocht shóisialta agus pholaitiúil a ghnóthú agus a fhorbairt.

## Measúnú

Le linn na gcuairteanna scoile, bhí plé suntasach ann maidir leis an tionscadal saoránachta agus an scrúdú scríofa. Bhí meascán de thuairimí san aiseolas ar an tionscadal faoi líon agus cineál na dteideal tionscadail. Cheistigh scoláirí an chothromaíocht idir an t-ualú measúnaithe agus an gníomh seachas an taighde, toisc go mbraitheann siad nach féidir leo a gcuid oibre taighde a léiriú go leordhóthanach sa leabhrán críochnaithe digiteach agus go bhfuil níos mó luach saothair tuillte ag an obair sin. Mar sin féin, thagair aiseolas ó mhúinteoirí do nádúr riachtanach an ghnímh mhachnamhaigh sa Pholaitíocht agus an tSochaí. Ina theannta sin, is léir an bhéim atá ar ghníomh machnamhach i dtábhacht an fhiosrúcháin agus an ghnímh i gcuraclaim a bhaineann leis an bPolaitíocht agus an tSochaí sna dlínsí a leagtar amach sa pháipéar seo. Beidh ar an meitheal forbartha machnamh a dhéanamh ar conas cur leis na socruithe measúnaithe reatha agus feabhas a chur orthu chun Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis chomhleanúnach agus inbhainistithe a chomhtháthú a ligean do na scoláirí fianaise ar a gcuid foghlama a thaispeáint ar bhealach atá ag teacht le haidhm agus le torthaí foghlama an ábhair, a thugann luach saothair d'iarracht, agus atá bailí agus iontaofa.

Is é cuspóir na gceisteanna bunaithe ar shonraí sa scrúdú scríofa ná measúnú a dhéanamh ar 'scileanna maidir le smaointeoireacht chriticiúil agus neamhspleách; anailís agus léirmhíniú a

dhéanamh ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla ó thaighde sóisialta agus polaitiúil; agus na sonraí sin a úsáid go cúramach chun tátail a bhaint astu' (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2019, lch 42). Léirigh aiseolas ó scoláirí le linn na bhfócasghrúpaí nár thuig siad cad a bhí á mheasúnú agus cén fáth. Sa tsonraíocht athfhorbartha, beidh gá le cumarsáid shoiléir agus éifeachtach maidir le cuspóir na gcomhpháirteanna measúnachta uile a mheas.

## Achoimre ar an gCuid seo

- Caithfidh meitheal forbartha na hArdteistiméireachta maidir leis an bPolaitíocht agus an tSochaí machnamh a dhéanamh ar leanúnachas idir an t-ábhar agus OSSP na Sraithe Sóisearaí agus ailíniú le hábhair agus modúil eile sa tsraith shinsearach, agus níos faide anonn sa saol, staidéar agus/nó saol na hoibre amach anseo.

- Ní mór athruithe i dtírdhreach an oideachais agus beartas agus athruithe móra sa pholaitíocht agus sa tsochaí áitiúil agus dhomhanda a chur san áireamh agus an Pholaitíocht agus an tSochaí á athfhorbairt. Sa chomhthéacs go mbíonn ár ndomhan ag athrú go tapa, beidh gá lena chinntiú go mbeidh luach agus tábhacht ag an ábhar san am atá le teacht freisin.

- Ní mór an fhoghlaim a bhfuiltear ag súil léi sa tsonraíocht athfhorbartha a bheith inbhainistithe laistigh den tréimhse ama a leagtar amach agus ba cheart di tacú le múinteoirí agus le scoláirí dul i ngleic le heolas reatha, agus eolas a d'fhéadfadh a bheith deacair, agus aird á tabhairt ar aois agus ar chéim na scoláirí. Ní mór líon agus fairsinge na smaointeoirí tábhachtacha a mheas go mion, go háirithe maidir leis na rioscaí féideartha a bhaineann le teoiricí a chur san áireamh a d'fhéadfadh a bheith i gcoinne cur chuige i leith chearta an duine.

- Ba cheart don tsonraíocht athfhorbartha scileanna na n-eolaíochtaí sóisialta agus polaitiúla a threisiú agus cothromaíocht a bhaint amach idir foghlaim shóisialta agus pholaitiúil, agus aird á tabhairt ar fhorbairtí ríthábhachtacha le déanaí in oideachas saoránachta.

- Trí bheith ag gabháil don tsonraíocht athfhorbartha, beidh deiseanna ag scoláirí príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí a fhorbairt, lena n-áirítear an inniúlacht thábhachtach 'Rannpháirtíocht sa tsochaí'.

- Beidh ar mheitheal forbartha na Polaitíochta agus na Sochaí machnamh a dhéanamh ar conas cur leis na socruithe measúnaithe reatha chun Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis chomhleanúnach agus inbhainistithe a chomhtháthú a ligean do na scoláirí fianaise ar a gcuid foghlama a thaispeáint ar bhealach atá ailínithe le haidhm agus le torthaí foghlama an ábhair, a thugann luach saothair d'iarracht, agus atá bailí agus iontaofa.

- Beidh gá le cumarsáid shoiléir agus éifeachtach maidir le cuspóir na gcomhpháirteanna measúnachta uile a chur i láthair sa tsonraíocht athfhorbartha.

# Treoir don athbhreithniú ar an bPolaitíocht agus an tSochaí

Bhunaigh CNCM meitheal forbartha chun tabhairt faoin tasc a bhaineann le sonraíocht churaclaim a athfhorbairt le haghaidh Pholaitíocht agus Shochaí na hArdteistiméireachta. I dtéarmaí ginearálta, aontaíonn Bord CNCM don tSraith Shinsearach agus faomhann an Chomhairle obair na Meithle Forbartha i bhfoirm na treorach a leagtar amach thíos.

Dearadh an treoir seo le bheith ina bunús le sonraíocht Pholaitíocht agus Shochaí na hArdteistiméireachta a athfhorbairt. Cé go n-eascraíonn an treoir ón bpríomhléargas agus ó na príomh-shaincheisteanna atá le meas agus a sainaithníodh sna codanna roimhe seo den pháipéar seo, treoraítear í freisin leis na paraiméadair le haghaidh socruithe measúnaithe a dhearadh i bhforbairt sonraíochtaí d'ábhair uile Thráinse 4 (Aguisín 1).

Beidh an tsonraíocht scoláire-lárnaithe agus beidh sí bunaithe ar thorthaí agus go ginearálta, ba cheart go mbeadh an tsonraíocht ailínithe go leathan le Leibhéal 4 agus 5 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Beidh sí ar fáil ar Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal araon, agus dearfar í chun í a theagasc agus a mheasúnú in 180 uair an chloig ar a laghad.

Beidh an tsonraíocht ailínithe leis an teimpléad, atá comhaontaithe ag an gComhairle, le haghaidh sonraíochtaí curaclaim mar a leagtar amach in *Foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus modúil i sraith shinsearach athfhorbartha* (CNCM, 2023). Beidh Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí leabaithe sna torthaí foghlama.

Cuirfear an tsonraíocht i gcrích faoin dara ráithe de 2027.

Go sonrach, déanfaidh an obair athfhorbartha ar shonraíocht na Polaitíochta agus na Sochaí an méid seo a leanas a mheas, agus tabharfaidh sí aghaidh ar an méid seo a leanas:

- An chaoi a bhfuil an tsonraíocht ailínithe le treoirphrionsabail agus le fís na sraithe sinsearaí.
- An chaoi ar féidir tacú le leanúnachas agus dul chun cinn, lena n-áirítear an chaoi chun nasc a dhéanamh le foghlaim ghaolmhar agus chun cur léi agus in ábhair eile sa tsraith shinsearach agus i modúil eile, chomh maith le foghlaim as seo amach sa saol, i staidéar, i cúrsaí fiontraíochta, i mbreisoideachas agus oiliúint, in ardoideachas, i bprintíseachtaí, i dtréimhsí oiliúna, agus sa saol oibre.
- An chaoi ar féidir tacú le forbairt phríomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí agus forbairt réimse scileanna digiteacha atá ábhartha don saol, don obair agus staidéar amach anseo.
- Réasúnaíocht shoiléir a thabhairt do Pholaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta, agus í a dhéanamh trédhearcach agus follasach do scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí.
- An chaoi leis an ábhar a dhéanamh níos taitneamhaí agus roghnú an ábhair níos forleithne a chur chun cinn.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le forbairt réimse príomhinniúlachtaí agus scileanna na n-eolaíochtaí polaitiúla agus sóisialta.

- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair agus ina sainréim theanga, a bheith an-scoláire-lárnaithe agus béim shoiléir aici ar an gcaoi a bhforbróidh agus a léireoidh na scoláirí a n-eolas sóisialta agus polaitiúil agus a dtuiscint choincheapúil.
- An chaoi a dtabharfaidh an tsonraíocht aird ar chothromaíocht chuí idir ábhar a bhaineann leis na heolaíochtaí sóisialta agus leis na heolaíochtaí polaitiúla, mar aon le forbairtí le déanaí i réimse an oideachais saoránachta.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le scoláirí éagsúlacht na bpríomhsmaointeoirí a úsáid chun argóintí agus frithargóintí a chumadh.
- An chaoi ar féidir an tsonraíocht a bhainistiú ó thaobh raon feidhme de, agus ag an am céanna tacú le múinteoirí agus le scoláirí chun dul i ngleic le heolas tábhachtach reatha, agus eolas a d'fhéadfadh a bheith deacair agus íogair/mothúchánach.
- An measúnú ar Pholaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta atá ailínithe leis na paraiméadair le haghaidh socruithe measúnaithe a dhearadh i bhforbairt na sonraíochtaí do gach ábhar agus modúl i dTráinse 4 (Aguisín 1).
- An chaoi ar féidir le CMB a bheith ina thaca ag cumas gníomhúcháin múinteoirí agus scoláirí, agus ar féidir an cumas sin a leathnú leis, agus roghanna á dtairiscint lena dtacaítear le hionchuimsitheacht an churaclaim agus a fhágáil gur féidir le scoláirí ag a bhfuil inniúlachtaí éagsúla agus leibhéil teanga éagsúla plé, ar bhealach fóinteach, le tascanna ábhartha, le linn leanúint dá n-inniúlachtaí a fhorbairt an tráth céanna.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair, tacú le múinteoirí pleanáil a dhéanamh i gcomhair teagaisc, foghlama agus measúnú.
- An chaoi le teicneolaíocht a ghlacadh agus a leabú i dteagasc, foghlaim agus measúnú.

Beidh obair na Meithle Forbartha bunaithe ar an treoir seo ar an gcéad dul síos. Agus an Mheitheal Forbartha i mbun oibre, d'fhéadfaí roinnt de na pointí seo a fhormhíniú agus pointí eile a chur leis an treoir.

# Tagairtí


Bryan, A. (2016). The sociology classroom as a pedagogical site of discomfort: Difficult knowledge and the emotional dynamics of teaching and learning. *Irish Journal of Sociology*, *24*(1), 7-33. https://doi-org.dcu.idm.oclc.org/10.1177/0791603516629463

Comhairle na hEorpa, (2017). Learning to live together. Council of Europe Report on the state of citizenship and human rights education in Europe.

Comhairle na hEorpa. (2018). Reference Framework of Competences for Democratic Culture

Comhairle na hEorpa. (2022). European Declaration on Global Education to 2050

Cusack, M. (2008). Senior cycle citizenship education: Interest levels and the professional development requirements of practicing teacher *Policy and Practice: A Development Education Review*, 7 (Autumn), 80-87.

Barry, M. (2020). Global challenges, global citizenship - what is the local classroom reality?: a qualitative case study of global citizenship education teaching and learning practices. Tráchtas PhD. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Scoil an Oideachais STEM, na Nuálaíochta agus an Léinn Dhomhanda.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2015). Creat don tSraith Shóisearach

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2019). Leaving Certificate Politics and Society specification.

Dillon, E., Gaynor, N., McCann, G. & McCloskey, S. Eds. (2024). Global Education in Ireland: Critical Histories and Future Directions. Londain, Bloomsbury Academic.

Duggan, P. (2015). Citizenship education in Irish secondary schools: the influence of curriculum content, school culture and stakeholder perspectives. Tráchtas PhD, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Gleeson, J. (2008). The Influence of School and Policy Contexts on the Implementation of CSPE. Gerry Jeffers and Una O'Connor. Eds. Education for Citizenship and Diversity in Irish contexts. Baile Átha Cliath: An Foras Riaracháin, 74–95. Baile Átha Cliath, An Foras Riaracháin.

Harris, C. Ed. (2005). The report of the Democracy Commission: engaging citizens, the case for democratic renewal in Ireland. Baile Átha Cliath: TASC at New Island.

Faas, D., & Ross, W. (2012). Identity, diversity and citizenship: A critical analysis of textbooks and curricula in Irish schools. *International Sociology*, *27*(4), 574-591. https://doi.org/10.1177/0268580911423057

Rialtas na hÉireann. (2022). An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) go dtí 2030

Cúnamh Éireann (2021). Straitéis um Oideachas Saoránachta Domhanda 2021-2025.

Jeffers, G. (2008). Some challenges for citizenship education in the Republic of Ireland' in Gerry Jeffers and Una O'Connor. Eds. Education for Citizenship and Diversity in Irish contexts. Baile Átha Cliath, An Foras Riaracháin, 11-23.

Levins, C. (2018). How does the 2018 Leaving Certificate subject "Politics and Society" impact on young people's civic and political engagement? Tráchtas MA, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Scoil na Cumarsáide.

ECFE. (2018). PISA global competence framework

McKeever, G. (2023). From Student to Citizen, The Role of Post Primary Schooling in the Political Socialisation of Irish Youth. Tráchtas PhD, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Scoil na Socheolaíochta.

Moore, K. (2023). Leaving Certificate Politics and Society – A Framework for Global Citizenship Education in Irish Post-Primary Education. Tráchtas MA, Ollscoil Mhá Nuad, Roinn na Forbartha Idirnáisiúnta.

CNCM. (2003). Civic, Social and Political Education, NCCA response to NEXUS report on survey of principals and CSPE teachers, Dublin: CNCM.

CNCM. (2007). Senior Cycle Developments, Report on Consultation on 'Social and Political Education at Senior Cycle, a background paper', Dublin: CNCM.

CNCM. (2008). Research on young people's areas of interest in Politics and Society: Draft report.

CNCM. (2010). A report on the consultation on the draft specification for Leaving Certificate Politics and Society.

CNCM. (2019). Athbhreithniú ar shonraíocht Pholaitíocht agus Shochaí na hArdteistiméireachta.

CNCM. (2021). Sonraíocht an Ghearrchúrsa san Oideachas Saoránach Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP).

CNCM. (2022). Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach Tuarascáil Chomhairleach.

CNCM. (2024). Príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí.

CNCM. (2025). Ráiteas an Chláir Idirbhliana.

Nugent, R. (2006). Civic, social and political education: active learning, participation and engagement? *Irish Educational Studies*, *25*(2), 207–229. https://doi.org/10.1080/03323310600737552

O'Brien, G. (2024). History repeating itself: an investigation of the challenges of teaching civic, social and political education. *Irish Educational Studies*, 43:4, 1021-1042, DOI: 10.1080/03323315.2023.2189134

O' Donnell. S. (2025). Senior secondary subjects in international jurisdictions tranche 4: Politics and Society. CNCM.

Reale, C. (2025). 'A different sameness' : exploring the multifaceted identities of politics and society teachers in Ireland. Tráchtas PhD. Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Redmond, D. and Butler, P. (2003). Civic, Social and Political Education Report on Survey of Principals and Teachers to NCCA. Baile Átha Cliath: NEXUS Research Co-Operative.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (2018). Scrúdú na hArdteistiméireachta 2018 Tuairiscí an Phríomh-Scrúdaitheora don Pholaitíocht agus an tSochaí.

Taskforce on Active Citizenship. (2007). Report of the Taskforce on Active Citizenship, Dublin: Secretariat of the Taskforce on Active Citizenship.

An Chomhairle Mhúinteoireachta (2022). Curricular Subject Requirements (Post-Primary).

Tormey, R. (2006). Social and Political Education in Senior Cycle: A background paper. Baile Átha Cliath: CNCM.

EOECNA. (2023). Revised 1974 Recommendation concerning Education for International Understanding, Cooperation and Peace and Education relating to Human Rights and Fundamental Freedoms.

EOECNA. (2016). Oideachas Saoránachta Domhanda: Topaicí agus cuspóirí foghlama.

Ward, E. (2002). Citizenship Studies: A Curricular Proposal for Social and Political Education in the Leaving Certificate. CDU CDVEC, Baile Átha Cliath.

# Aguisín 1: Paraiméadair uileghabhálacha le haghaidh ceapadh socruithe measúnaithe i bhforbairt na sonraíochtaí do gach ábhar i dTráinse 4

## 1. Cúlra

- D'fhógair an tAire Oideachais nuashonrú an 20 Meán Fómhair 2023 maidir leis an gcur chuige atá le glacadh le haghaidh sonraíochtaí ábhair nua agus athbhreithnithe a thabhairt isteach, lena n-áirítear conas a thabharfaí aghaidh ar mheasúnú sna sonraíochtaí sin. I bhfocail shonracha, léirigh an fógra an méid a leanas:
    - Beidh comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis ag gach ábhar i dteannta an scrúdaithe scríofa deiridh.
    - Is fiú 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil an chomhpháirt mheasúnaithe (CMB) sin.
    - Beidh aon scrúdú scríofa amháin ag gach ábhar; beidh 60% de na marcanna ag gabháil leis an scrúdú scríofa de ghnáth.
    - Go tipiciúil, ba cheart dhá chomhpháirt mheasúnaithe a bheith ann: Scrúdú scríofa amháin agus comhpháirt mheasúnaithe amháin eile (CMB).
- Is féidir go mbeidh údar le níos mó ná CMB nó scrúdú scríofa amháin i gcásanna eisceachtúla agus tar éis an t-ualach measúnaithe foriomlán ar scoláirí a mheas go fada fairsing. Mar sin féin, bheadh eisceacht den sórt sin bunaithe ar fhianaise láidir shoiléir go bhfuil an dara CMB nó an dara scrúdpháipéar sa scrúdú deiridh riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire, rud nach féidir a bhaint amach trí CMB amháin agus scrúdpháipéar scríofa amháin.

## 2. Réamhrá

Tugtar breac-chuntas sa cháipéis seo ar na socruithe agus paraiméadair mheasúnaithe uileghabhálacha a threoraíonn ceapadh na sonraíochtaí le haghaidh gach ábhair i dTráinse 4, ina measc:

- Ealaín
- Eacnamaíocht
- Fraincis
- Gaeilge
- Gearmáinis
- Iodáilis
- An Pholaitíocht agus an tSochaí
- Spáinnis
- Teicneolaíocht.

Cuirtear bonn eolais faoin gcomhairle sin leis an obair leanúnach leis na hábhair i dTráinse 2 agus 3 agus leasófar í, de réir mar is cuí, i gcás tráinsí amach anseo lena bhféadfar a réimsí ábhair agus na socruithe measúnaithe atá ann faoi láthair a chur san áireamh.

Is léiriú ar an treo beartais a d'eisigh an tAire Oideachais iad na socruithe atá leagtha amach anseo: go mbeidh comhpháirt mheasúnaithe ann le haghaidh gach ábhair, go mbeidh sí i bhfoirm nach scrúdú scríofa traidisiúnta í, go ndéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na comhpháirteanna sin a leagan amach agus a mheasúnú, agus ar an gcaoi sin go mbeidh béim níos lú ar scrúduithe deiridh i mí an Mheithimh sa 6ú bliain.

Go sonrach, tá na socruithe do na comhpháirteanna measúnaithe uile ar a dtugtar breac-chuntas sa cháipéis seo leagtha amach ar bhonn na bhfógraí ón Aire an 29 Márta 2022, agus ina dhiaidh

sin an 20 Meán Fómhair 2023. Agus na tuiscintí seo a leanas mar bhonn taca leis na comhpháirteanna measúnaithe:

- ní bheidh siad i bhfoirm scrúduithe scríofa traidisiúnta
- is é CSS a leagfaidh amach iad agus a mharcálfaidh iad
- beidh siad faoi réir shocruithe CSS chun iad a chur i gcrích, a dheimhniú agus a chur isteach.

Agus na socruithe ar a dtugtar breac-chuntas thíos á bhforbairt, is amhlaidh atá an bunús seo a leanas lárnach chun dul i dtreo comhpháirt mheasúnaithe eile, thar scrúduithe scríofa, a bheith ag na hábhair uile. Cuirtear bonn eolais faoin mbunús sin le plé ar thaighde atá coimisiúnaithe ag CNCM agus CSS, agus ar an litríocht mheasúnaithe go ginearálta. Ón obair seo, is léir go bhféadfaí an méid seo a leanas a dhéanamh leis na comhpháirteanna sin:

- **Spleáchas a laghdú** ar scrúduithe suimitheacha scríofa agus mar sin foráil a dhéanamh do **chóras measúnaithe níos leithne**; tá ról tábhachtach ag scrúduithe scríofa ach is féidir a mheas gur 'léargas' ar fhoghlaim atá iontu agus go bhféadfaí an iomad béime a chur ar ullmhú do scrúduithe sa teagasc agus san fhoghlaim mar thoradh; le foirmeacha eile measúnaithe is féidir an fhéidearthacht chun an cúngú sin ar fhoghlaim a mhaolú trí ghnéithe d'fhoghlaim an scoláire a mheasúnú ar bhealach níos fearr agus/nó níos cuimsithí ná mar is féidir a dhéanamh le scrúduithe scríofa iontu féin; nó measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim nach bhfuil inmheasúnaithe go héasca trí scrúduithe scríofa.
- Tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun go bhforbróidh a dtuiscint agus a measúnú ar **phríomhinniúlachtaí** trí bheith ag cur le tuiscint níos fearr faoin gcaoi le heolas, scileanna, luacha agus meonta a mheasúnú.
- Deiseanna a chur ar fáil do scoláirí agus do mhúinteoirí chun **machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim na scoláirí**, borradh a chur faoi spreagadh foghlama na scoláirí agus deiseanna maidir le cleachtais aiseolais fhoirmithigh a fheabhsú.
- Raon agus ilchineálacht na ndeiseanna measúnaithe a shíneadh; lena n-áirítear **an t-ualach measúnaithe a scaipeadh** i gcaitheamh an dá bhliain dheireanacha den tsraith shinsearach agus dá réir sin cabhrú leis an mbrú a bhíonn ar scoláirí a laghdú nó a leathadh.
- **Scileanna agus inniúlacht mheasúnaithe na múinteoirí** a chothú agus a fhorbairt de réir mar a thacaíonn múinteoirí le scoláirí agus iad ag obair trí na gníomhaíochtaí measúnaithe a shonraítear i dtreoracha measúnaithe nó treoirlínte.
- Sonraí measúnaithe scoláirí a ghiniúint lenar féidir leochaileacht an chórais a laghdú i leith suaitheadh amach anseo ar an gcóras nach bhfacthas riamh cheana nó nach raibh coinne leis amhail COVID.
- Foráil a dhéanamh maidir le deiseanna measúnaithe atá níos **barántúla** ná córas a bhraitheann ar scrúduithe scríofa deiridh agus sin amháin.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go léirítear freisin le hathbhreithniú ar an litríocht mheasúnaithe ar bhealach níos ginearálta, nuair a thabharfar isteach comhpháirteanna measúnaithe eile nach mór breithniú ar conas rioscaí a mhaolú, mar shampla:

- rómheasúnú ar scoláirí
- róchleachtadh ar mheasúnuithe
- measúnuithe ina bhfuil an iomarca struchtúir, ranna, athdhéanta agus gnáthaimh.

Mar is amhlaidh cheana i gcás ina bhfuil feidhm ag foirmeacha eile measúnaithe, beidh na socruithe measúnaithe nua faoi threoir phrionsabail uileghabhálacha an chothromais, na cothroime agus an ionracais.

Ina theannta sin, ar leibhéal na gclár uile (.i. agus na hábhair agus na modúil uile a chuirtear i bhfeidhm i scoileanna á gcur san áireamh), is gá aird a thabhairt ar an ualach measúnaithe iomlán a bhíonn ar an scoláire go príomha, agus ar scoileanna ar bhonn níos ginearálta freisin. Cé gur féidir a bheith ag súil leis go bhféadfadh SDGanna díriú ar an gcur chuige chun measúnú a dhéanamh ina

n-ábhar féin ar dtús, moltar dóibh a bheith airdeallach ar an ualach measúnaithe foriomlán ar fud na n-ábhar agus na modúl uile. Ar na breithnithe sin ar leibhéal na gclár uile, áireofar freisin na modhanna measúnaithe a bhíonn in úsáid. Mar a luaitear thuas, is féidir go mbeidh údar le níos mó ná CMB nó scrúdú scríofa amháin i gcásanna eisceachtúla agus tugtar breac-chuntas sa chuid seo a leanas ar an bpróiseas le haghaidh na gcásanna sin.

## 3. Próiseas

Leagtar amach sa chuid seo an próiseas trína ndéanfar breithniú agus cinneadh ar athrú ar na paraiméadair a shainítear sa cháipéis seo; mar shampla, CMB breise nó an dara scrúdú scríofa deiridh.

1. Tar éis do SDG cuid mhór plé a dhéanamh agus tar éis réimse roghanna a fhiosrú le haghaidh CMB oiriúnach aonair/scrúdú scríofa aonair don ábhar, gineann Feidhmeannas CNCM nóta scríofa ina leagtar amach an cás láidir, soiléir atá á dhéanamh ag an Meitheal Forbartha.

2. Aontaíonn an Mheitheal Forbartha Ábhair an cás scríofa agus cuireann siad a n-ainmneacha leis.

3. Pléitear an cás scríofa leis an mBord don tSraith Shinsearach.

4. Pléitear an cás scríofa leis an gComhairle. De bhun an phlé sin, cinneann an Chomhairle cé acu is ceart nó nach ceart an cás a chur ar aghaidh chuig an Roinn.

   a) Tar éis breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an ualach measúnaithe ar scoláirí a bhainistiú agus a scaipeadh, má chinneann an Chomhairle nach bhfuil an cás sách láidir chun gur fiú don Roinn machnamh a dhéanamh air, iarrann an Chomhairle ar an Meitheal Forbartha oibriú ar bhonn na bparaiméadar arna leagan amach sa cháipéis seo a bhaineann leis an ábhar i gceist.

   NÓ

   b) Tar éis di breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an ualach measúnaithe ar scoláirí a bhainistiú agus a scaipeadh, má chinneann an Chomhairle go bhfuil an cás sách láidir chun gur fiú don Roinn machnamh a dhéanamh air, aontaíonn an Chomhairle an cás a chur ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais.

5. I gcás 4b, seoltar an cás scríofa chuig Oifig Bainistíochta an Chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (SCRPMO) sa Roinn Oideachais lena bhreithniú agus le haghaidh freagartha.

6. Féadfaidh an Roinn an Grúpa Forfheidhmithe um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (SCRIG) a thionól chun tacú lena breithniú ar an iarraidh ar athrú. Is struchtúr atá á threorú ag an Roinn é SCRIG a bunaíodh chun maoirseacht agus tacaíocht a sholáthar do chomhordú na hoibre ar fud na bpríomhghníomhaireachtaí/na bpríomheagraíochtaí a rannchuidíonn le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí. Ar a chomhaltaí áirítear oifigigh shinsearacha ón Roinn (an Rannóg Beartas, Churaclam agus Measúnacht, an Chigireacht, Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí [FGM]), CNCM, CSS agus Oide.

7. Cinneann an Roinn tacaíocht a thabhairt nó diúltú don iarraidh ar athrú a lorgaíodh, agus cuireann sí a cinneadh in iúl i scríbhinn do CNCM in am trátha.

8. Déanann an Mheitheal Forbartha Ábhair dul chun cinn maidir lena cuid oibre i gcomhréir le freagra na Comhairle (a eascraíonn as 4a) nó freagra na Roinne (a eascraíonn as 4b agus 7).

## 4. Amlínte

Beidh am ag teastáil don phróiseas ar a dtugtar breac-chuntas thuas. Maidir leis an am sin, dá mbeadh roinnt seachtainí i gceist, d'fhéadfadh impleachtaí suntasacha a bheith aige ar an amlíne le haghaidh céimeanna sonracha d'obair ar shonraíocht an ábhair agus/nó cur i gcrích foriomlán na sonraíochta sula gcuirtear ar aghaidh chuig an Roinn lena breithniú í. Is féidir go bhfágfaidh an toisc ama sin gur gá do CNCM cruinnithe breise den Mheitheal Forbartha Ábhair, den Bhord don tSraith Shinsearach agus den Chomhairle a eagrú ar líne chun a chinntiú go gcomhlíonfar an obair forbartha laistigh de na hamlínte foriomlána.

Leagtar amach i dTábla 1 thíos na paraiméadair agus na próisis ghinearálta chun obair na meithleacha forbartha ábhair (SDGanna) a threorú de réir mar a dhéanann siad an measúnú is iomchuí do gach ábhar a mheas. Leagtar amach i dTábla 2 na paraiméadair shonracha do gach ceann de na hábhair i dTráinse 4.

**Tábla 1: Paraiméadair agus próisis mheasúnaithe – cur i bhfeidhm ginearálta maidir le hábhair thráinse 4**

| **Údair Mhachnaimh** | **Paraiméadair chun obair na meithle forbartha a threorú.** |
|---|---|
| **Cineál** | Leagfar amach cuspóir agus nádúr na comhpháirte measúnaithe go soiléir sa tsonraíocht ábhair agus sna treoirlínte a théann léi chun tacú le cur i gcrích an mheasúnaithe. Cuirfear mionsonraí ar fáil maidir le cineál na comhpháirte. Ar na samplaí atá ann tá:<br>• tionscadal taighde/aiste fhada<br>• measúnú ó bhéal<br>• measúnú feidhmíochta<br>• measúnú punainne<br>• déantán a chruthú<br>• staidéar allamuigh<br>• turgnamh/ cruthúnas ar choincheap/ iniúchadh praiticiúil.<br><br>Leis an tsonraíocht ábhair agus na treoirlínte a ghabhann léi cuirfear in iúl go soiléir an méid a éilítear ar scoláirí a dhéanamh, an fhoirm nó na foirmeacha inar féidir é a dhéanamh agus a chur isteach, agus ionchais an ualaigh oibre a bhaineann leis an measúnú. Soláthrófar ailíniú na comhpháirte measúnaithe le sraith torthaí foghlama ó shonraíocht an ábhair, chomh maith le mionsonraí faoi na príomhinniúlachtaí agus na torthaí foghlama bainteacha atá le measúnú. Ní chuirtear bac leis sin ar mheasúnú a dhéanamh ar na torthaí foghlama céanna sa scrúdú deiridh. |
| **Ualú** | Bronnfar 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil ar an gcomhpháirt mheasúnaithe i ngach ábhar. |
| **Am** | Tabharfaidh SDG comhairle maidir leis an tréimhse a bhfuil gá léi chun an chomhpháirt mheasúnaithe a dhéanamh i gcaitheamh an staidéir. |
| **Cur i gCrích agus Cur Isteach** | Cé gur féidir le SDG an uair a d'fhéadfadh sin tarlú a mholadh (mar ar tagraíodh dó thuas ag féachaint don ualach measúnaithe ar scoláirí go háirithe), déanfaidh CSS cinneadh deiridh tar éis breithniú a dhéanamh ar an sceideal foriomlán de dhátaí críochnaithe do na measúnuithe uile ar fud na n-ábhar uile. Tabharfaidh CSS an méid sin chun críche tar éis dó dul i mbun plé le CNCM agus an Roinn Oideachais.<br><br>Foilseoidh CSS na dátaí deiridh faoina mbeidh an chomhpháirt mheasúnaithe le críochnú agus/nó le cur isteach ag an scoláire agus ní bheidh na dátaí sin sa tsonraíocht ábhair. |

| | |
|---|---|
| **Dearadh** | Is éard a bheidh mar thoradh ar fhormhór na gcomhpháirteanna measúnaithe mír chríochnaithe a bhfuil difríocht bhunúsach idir í agus scrúdú scríofa traidisiúnta agus ina ndéantar tástáil ar inniúlachtaí difriúla a bheith á dtarchur chuig CSS agus á meas ag CSS.<br><br>I gcásanna áirithe, de réir dhearadh an mheasúnaithe, is féidir go mbeidh ar scrúdaitheoirí cuairt a thabhairt ar scoileanna chun an measúnú a dhéanamh ach is gá inbhainistitheacht ar an leibhéal scoile agus córais a bhreithniú. |
| **Treoir** | Beidh treoirlínte a thacóidh le comhpháirteanna measúnaithe sonrach do gach ábhar. Forbróidh an CNCM agus an CSS na treoirlínte sin i gcomhar le chéile. Déanfaidh machnamh an SDG agus iad i mbun oibre ar fhorbairt na sonraíochta eolas dóibh agus beidh na mionsonraí a leanas san áireamh:<br>• cuspóir na comhpháirte lena mbaineann, .i., cad é atá beartaithe a mheasúnú léi.<br>• an cineál comhpháirte/gníomhaíochta measúnaithe atá i gceist.<br>• tuairisceoirí ar cháilíocht i bhfoirm rúibric ghrádaithe agus mionsonraí faoi chaighdeáin mheasúnaithe ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal má mheastar gur gá de réir an mhodha measúnaithe.<br>• mionsonraí maidir le huainiú an mheasúnaithe (a fhad agus cathain a d'fhéadfadh sé tarlú).<br>• treoir ar na próisis a fhéadfar a úsáid chun an measúnú a riar. |

**Tábla 2: Paraiméadair maidir le socruithe measúnaithe do gach ábhar i dTráinse 4**

| Ábhar | Na socruithe reatha | Paraiméadair maidir le socruithe measúnaithe nua |
|---|---|---|
| **Ealaín** | *Obair chúrsa phraiticiúil:* 50% (curtha i gcrích thar 12 sheachtain); I mí na Nollag de Bhliain 6, eisíonn CSS leabhar sceitseála agus treoir le 3 théama agus roghnaíonn na scoláirí ceann amháin acu. Ní mór dóibh 2 dhéantúsán a chruthú in 2 réimse cleachtais ar leith. Cuirtear déantúsán amháin i gcrích le linn na tréimhse seo agus ní mór dóibh dul i mbun pleanála do tháirgeadh an dara déantúsán sa scrúdú praiticiúil.<br><br>*Scrúdú Praiticiúil:* 20% (5 uair an chloig); scrúdú ar a ndéantar feitheoireacht. Déantar é 10 lá tar éis chur i gcrích na hoibre cúrsa praiticiúla (thuas). Dírítear ar chur i gcrích an dara déantúsán. Tá an phleanáil don mheasúnú seo san áireamh sa leabhar sceitseála. | An scrúdú scríofa: ualú 30% ar an laghad.<br><br>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 60% ar a laghad mar fhreagairt ar threoir arna heisiúint ag CSS.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |

| | | |
|---|---|---|
| | Tugann CSS cuairt ar an scoil le measúnú a dhéanamh ar an dá dhéantúsán agus ar an leabhar sceitseála.<br><br>*Scrúdú scríofa:* 30% (2.5 uair an chloig) | |
| **Eacnamaíocht** | Maireann an scrúdú scríofa 2.5 uair an chloig do scoláirí ardleibhéil agus gnáthleibhéil agus bronntar 400 den 500 marc atá ar fáil (80%) air.<br><br>Tionscadal taighde scoláire aonair atá san obair chúrsa, rud a dhéantar mar fhreagairt ar threoir chomhchoiteann ó CSS agus is fiú 100 marc é (20%). Tá sé bunaithe ar thorthaí foghlama na sonraíochta. Déantar an obair chúrsa agus an obair phraiticiúil a ghrádú i gcomhréir leis na caighdeáin a bhaineann leis an leibhéal ag a ndéanann an t-iarrthóir an scrúdú scríofa. | Scrúdú scríofa: ualú 60%.<br><br>Comhpháirt mheasúnaithe: ualú 40%.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir. |
| **Fraincis** | Béaltriail: AL: 25% GL: 20%<br>Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25%<br>Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40%<br>Cur in Iúl Scríofa: AL: 25% GL: 15%<br><br>Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca<br>Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh<br>Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.<br><br>Téacs ainmnithe ar bith.<br><br>Dírítear an bhéaltriail ar chomhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais agus d'fhéadfadh saothar litríochta nó tionscadal ar oibrigh an scoláire air a bheith san áireamh léi. | An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad.<br><br>**Comhpháirteanna measúnaithe:**<br><br>Béaltriail: ualú 20% ar a laghad<br>Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |
| **Gaeilge** | **Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal**<br><br>Scrúdú scríofa le 2 pháipéar:<br><br>Páipéar 1: AL 2 uair; GL 1 uair 50 nóim. (160 marc) | Scrúdú scríofa (lena n-áirítear cluastuiscint, cumadóireacht agus tuiscint); ualú 50% ar a laghad<br><br>Béaltriail: ualú 40% ar a laghad |

| | | |
|---|---|---|
| | Cluastuiscint (60 marc)<br>Cumadóireacht (100 marc)<br><br>Páipéar 2: AL 3 uair 5 nóim.; GL 2 uair 20 nóim. (200 marc)<br>Léamhthuiscint (AL agus GL: 100 nóim.)<br>Prós (AL 30 nóim.; GL 50 nóim.)<br>Filíocht (AL 30 nóim.; GL 50 nóim.)<br>Litríocht Bhreise (AL 40 nóim.)<br><br>Béaltriail: 240 marc<br><br>Le haghaidh AL agus GL:<br><br>▪ Réamhrá: 5m<br>▪ Léamh Filíochta: 35m<br>▪ Comhrá: 120m<br>▪ Sraith pictiúr: 80m<br><br>**Bonnleibhéal**<br><br>Páipéar scríofa amháin: 2 uair 20 nóim. (360 marc)<br><br>Cluastuiscint (120 nóim.)<br>Léamhthuiscint (150 nóim.)<br>Scríbhneoireacht (90 nóim.)<br><br>Béaltriail: (240 marc)<br><br>Tá seo roinnte ina 4 bhloc mar a leanas:<br><br>Bloc 1: Teaghlach agus Baile<br>Bloc 2: Cúrsaí Scoile<br>Bloc 3: Caithimh aimsire<br>Bloc 4: Laethanta saoire, am, aimsir agus obair. | |
| **Gearmáinis** | Béaltriail: AL: 25% GL: 20%<br>Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25%<br>Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40%<br>Cur in Iúl Scríofa: AL: 25% GL: 15%<br><br>Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca<br>Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh | An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad.<br><br>**Comhpháirteanna measúnaithe:**<br><br>Béaltriail: ualú 20% ar a laghad<br>Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |

| | | |
|---|---|---|
| | Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.<br><br>Téacs ainmnithe ar bith.<br><br>Tá 3 chuid sa Bhéaltriail:<br>A: Comhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais<br>B: Plé ar thionscadal nó ar shraith pictiúr<br>C: Cás rólimeartha | |
| **Iodáilis** | Béaltriail: AL: 25% GL: 20%<br>Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25%<br>Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40%<br>Cur in Iúl Scríofa: AL: 25% GL: 15%<br><br>Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca<br>Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh<br>Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.<br><br>Rogha staidéar a dhéanamh ar théacs ainmnithe.<br><br>Tá 3 chuid sa Bhéaltriail:<br>A: Comhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais<br>B: Cás rólimeartha<br>C: Sraith pictiúr | An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad.<br><br>**Comhpháirteanna measúnaithe:**<br><br>Béaltriail: ualú 20% ar a laghad<br>Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |
| **An Pholaitíocht agus an tSochaí** | Is fiú 80% de na marcanna iomlána atá ar fáil an scrúdú scríofa, agus maireann an scrúdú 2 uair an chloig agus 30 nóiméad ar fad.<br><br>Tuarascáil saoránachta atá i gceist leis an obair chúrsa agus sanntar an 20% atá fágtha di. | An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.<br><br>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir. |
| **Spáinnis** | Béaltriail: AL: 25% GL: 20%<br>Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25%<br>Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40%<br>Cur in Iúl Scríofa: AL: 25% GL: 15% | An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad.<br><br>**Comhpháirteanna measúnaithe:**<br><br>Béaltriail: ualú 20% ar a laghad |

| | | |
|---|---|---|
| | Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca<br>Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh<br>Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.<br><br>Rogha staidéar a dhéanamh ar théacs ainmnithe.<br><br>Tá 2 chuid sa Bhéaltriail:<br>A: Comhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais le rogha saothar litríochta a phlé<br>B: Cás rólimeartha | Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |
| **Teicneolaíocht** | Is ionann an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon agus 200 marc (50%).<br>Maireann scrúdú scríofa an ardleibhéil 2.5 uair an chloig agus maireann scrúdú scríofa an ghnáthleibhéil 2 uair an chloig.<br><br>Is ionann an obair chúrsa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon agus 200 marc (50%).<br>Tá an obair chúrsa difriúil agus treoracha ar leith socraithe le haghaidh an ardleibhéil agus an ghnáthleibhéil.<br>Eisítear na treoracha thart ar an 1 Deireadh Fómhair (Bliain 6) lena gcur i gcrích timpeall an 30 Márta. | Scrúdú scríofa: ualú 50%.<br><br>Comhpháirt mheasúnaithe: ualú 50%.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir. |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment